# RIALACHÁN (CE) Uimh. 295/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 11 Márta 2008

## maidir le staidreamh struchtúrach gnó

**(athmhúnlú)**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 58/97 an 20 Nollaig 1996 maidir le staidreamh struchtúrach gnó ([3]) go substaintiúil roinnt uaireanta ([4]). Ó tharla go bhfuil tuilleadh leasuithe á ndéanamh ar an Rialachán sin, is inmhianaithe na forálacha ábhartha a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht agus le cuíchóiriú.

(2) Bhunaigh Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 58/97 creat comhchoiteann i gcomhair bailiú, tiomsú, tarchur agus meastóireacht staidrimh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht gnólachtaí sa Chomhphobal.

(3) Le Cinneadh Uimh. 2367/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le clár staidrimh an Chomhphobail 2003 go 2007 ([5]), glacadh an clár a bheidh faoi threoir ag príomhthosaíochtaí beartais an Chomhphobail maidir le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, méadú agus iomaíochas an Aontais Eorpaigh, an beartas réigiúnach, forbairt inbhuanaithe agus an clár oibre sóisialta. Is cuid bhunriachtanach den chlár seo staidreamh maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch na bhfiontar.

(4) Ba chóir go bhforálfaí leis an Rialachán seo go leanfaí den tacaíocht staidrimh atá ann cheana do chinntí sna réimsí reatha beartais agus go gcomhlíonfadh an Rialachán seo na ceanglais bhreise a eascraíonn as tionscnaimh nua beartais an Chomhphobail, agus as an athbhreithniú leanúnach ar thosaíochtaí staidrimh agus ar ábharthacht an staidrimh a chuirtear ar fáil, d'fhonn an tairbhe is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus na hualaí freagartha a íoslaghdú. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag beartais fuinnimh agus chomhshaoil an Chomhphobail, ar nós na mbeartas a chumhdaítear le Rialachán REACH (CE) Uimh. 1907/2006 ([6]). Ba chóir comhoibriú agus malartú dea-chleachtais idir institiúidí náisiúnta staidrimh a spreagadh, chun úsáid níos éifeachtaí na bhfoinsí sonraí riaracháin a áirithiú.

(5) Tá riachtanas méadaitheach ann i gcomhair sonraí maidir le seirbhísí, go háirithe seirbhísí gnó. Is gá staidreamh chun anailís eacnamaíoch a dhéanamh agus chun beartas a fhoirmiú maidir leis an earnáil is dinimiciúla de na geilleagair nua-aimseartha, go háirithe ó thaobh a hacmhainn fás agus fostaíocht a chruthú. Thug cruinniú Chomhairle Eorpach Liospóin an 23 agus 24 Márta 2000 tábhacht na seirbhísí chun suntais. Is réamhriachtanas an láimhdeachas, arna mhiondealú go dtí táirgí seirbhíse mionsonraithe, a thomhas chun go bhféadfaí fíorthuiscint a fháil ar ról na seirbhísí sa gheilleagar. Tháinig cruinniú Chomhairle Eorpach Stócólm an 23 agus 24 Márta 2001 ar an gconclúid go bhfuil cruthú margaí inmheánacha i gcomhair seirbhísí, a fheidhmíonn go héifeachtúil, ar cheann de phríomhthosaíochtaí na hEorpa. Tá staidreamh de réir táirgí seirbhísí mionsonraithe maidir le trádáil trasteorann bunriachtanach chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí inmheánacha i gcomhair seirbhísí, chun meastóireacht a dhéanamh ar iomaíochas na seirbhísí agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbacainní ar thrádáil i seirbhísí.

(6) Tá gá le sonraí maidir le déimeagrafaíocht ghnó, go háirithe ós rud é gur gné de na táscairí struchtúracha iad, ar táscairí iad a bunaíodh chun faireachán a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach maidir leis na spriocanna a socraíodh le Straitéis Liospóin. Chomh maith leis sin, tá sonraí comhchuibhithe maidir le déimeagrafaíocht ghnó agus a tionchar ar fhostaíocht riachtanach chun bunús a thabhairt do mholtaí beartais chun tacú le fiontraíocht.

([1]) IO C 318, 23.12.2006, lch. 78.

([2]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Márta 2007(IO C 27 E, 31.1.2008, lch. 139) agus Cinneadh an 14 Feabhra 2008 ón gComhairle.

([3]) IO L 14, 17.1.1997, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

([4]) Féach Iarscríbhinn X.

([5]) IO L 358, 31.12.2002, lch. 1. Cinneadh arna leasú le Cinneadh Uimh. 787/2004/CE (IO L 138, 30.4.2004, lch. 12).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Teorannú Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Cheimiceáin (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1; arna cheartú in IO L 136, 29.5.2007, lch. 3). Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1354/2007 ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2007, lch. 1).

(7) Tá gá freisin le huirlis sholúbtha laistigh den chreat staidrimh a bheidh in ann freagairt go mear tráthúil do riachtanais úsáideoirí a thagann chun cinn mar thoradh ar shaintréithe atá ag éirí níos dinimiciúla, níos nuálaí agus níos casta, agus ar saintréithe iad den gheilleagar eolasbhunaithe. Trí bhailiúcháin ad hoc sonraí den sórt sin a nascadh le bailiú leanúnach na sonraí staidrimh maidir le struchtúir ghnó, thabharfaí fiúntas breise don fhaisnéis a bhailítear sa dá shuirbhé agus d'fhéadfaí an t-ualach iomlán a laghdú ar na freagróirí tríd an dúblú ar bhailiú sonraí a sheachaint.

(8) Is gá foráil a dhéanamh do nós imeachta chun glacadh le bearta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ionas go bhféadfaí na rialacha maidir le bailiú agus próiseáil staidrimh sonraí agus le próiseáil agus tarchur na dtorthaí a shoiléiriú tuilleadh.

(9) Ba chóir na bearta is gá do chur chun feidhme an Rialacháin seo a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([1]).

(10) Ba chóir, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún: an liosta saintréithe atá sna hIarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta; na nithe seo a leanas a leagan síos, minicíocht thiomsú an staidrimh, na rialacha chun sonraí a mharcáil mar chion tairbhe d'iomláin Eorpacha amháin (CETO), an chéad bhliain tagartha do thiomsú na dtorthaí, an miondealú ar thorthaí agus go háirithe na haicmithe a bheidh le húsáid agus teaglaim na n-aicmí méide; na tréimhsí ama le haghaidh tarchur sonraí a thabhairt cothrom le dáta; an miondealú ar ghníomhaíochtaí agus ar tháirgí a oiriúnú do na leasuithe nó do na hathbhreithnithe ar an aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (NACE), agus ar aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta (CPA); bearta a ghlacadh ar bhonn meastóireachta ar staidéir phíolótacha; íosteorainn an phobail tagartha in Iarscríbhinn VIII a athrú; agus critéir chun meastóireacht ar cháilíocht a leagan síos. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go gceapfar iad le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(11) Ó tharla nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon sonraí comhchuibhithe a sholáthar maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht gnólachtaí sa Chomhphobal, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr dá bhrí sin is féidir é a bhaint amach ag leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

([1]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhchoiteann chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht gnólachtaí sa Chomhphobal a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

Is é an cuspóir a bheidh le tiomsú staidrimh, go háirithe, anailís a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(a) struchtúr agus forás ghníomhaíochtaí na ngnólachtaí;

(b) na tosca táirgeachta a úsáidtear agus gnéithe eile a thugann an deis gníomhaíocht, iomaíochas agus feidhmíocht i gcúrsaí gnó a thomhas;

(c) forbairt réigiúnach, náisiúnta, Comhphobail agus idirnáisiúnta gnólachtaí agus margaí;

(d) iompar i gcúrsaí gnó;

(e) fiontair bheaga agus mheánmhéide; agus

(f) saintréithe sainiúla na bhfiontar a bhaineann le miondealú sonrach ar ghníomhaíochtaí.

*Airteagal 2*

**Raon Feidhme**

1. Cuimseoidh an Rialachán seo na gníomhaíochtaí margaidh go léir i Ranna B go N agus P go S d'aicmiú comhchoiteann staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 (dá ngairfear 'NACE Ath. 2' anseo feasta).

2. Cuimseofar aonaid staidrimh de na cineálacha a liostaítear i Roinn I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir leis na haonaid staidrimh le haghaidh córas tairgíochta an Chomhphobail a bhreathnú agus a anailísiú ([2]), agus a aicmítear faoi cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 i raon feidhme an Rialacháin seo. Sonraítear úsáid aonad áirithe chun staidreamh a thiomsú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Modúil**

1. Déanfar an staidreamh a bheidh le tiomsú do na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 a ghrúpáil mar mhodúil.

([2]) IO L 76, 30.3.1993, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

2. Is iad na modúil a bheidh sa Rialachán seo:

(a) modúl comhchoiteann don staidreamh bliantúil struchtúrach, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn I;

(b) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le tionscal, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn II;

(c) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le trádáil, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn III;

(d) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le foirgníocht, mar a shainmhínítear e in Iarscríbhinn IV;

(e) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le hárachas, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn V;

(f) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le forais chreidmheasa, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn VI;

(g) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le cistí pinsean, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn VII;

(h) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le seirbhísí gnó, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn VIII;

(i) modúl mionsonraithe don staidreamh struchtúrach maidir le déimeagrafaíocht gnó, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn IX;

(j) modúl solúbtha chun bailiúchán ad hoc sonraí sainiúil agus teoranta de shaintréithe fiontair a dhéanamh.

3. Leagfar síos an fhaisnéis seo a leanas i ngach modúl:

(a) na gníomhaíochtaí a mbeidh an staidreamh le tiomsú ina leith, arna dtarraingt ón gcuimsiú a shonraítear in Airteagal 2(1);

(b) na cineálacha aonad staidrimh a bheidh le húsáid chun staidreamh a thiomsú, arna dtarraingt ón liosta d'aonaid staidrimh dá dtagraítear in Airteagal 2(2);

(c) liostaí saintréithe a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith do na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus na tréimhsí tagartha do na saintréithe sin;

(d) an mhinicíocht i gcomhair tiomsú an staidrimh, a dhéanfar go bliantúil nó go hilbhliantúil. Má dhéantar an tiomsú go hilbhliantúil, déanfar ar a laghad uair gach 10 mbliana é;

(e) an tráthchlár ina léirítear na chéad bhlianta tagartha don staidreamh a bheidh le tiomsú;

(f) na caighdeáin a bhaineann le hionadaíochas agus le meastóireacht ar cháilíocht;

(g) an tréimhse ama dar tosach deireadh na tréimhse tagartha ar laistigh di a bheidh an staidreamh le tarchur;

(h) fad uasta na hidirthréimhse a fhéadfar a dheonú.

4. Déanfar úsáid an mhodúil sholúbtha dá dtagraítear i mír 2(j) a phleanáil i ndlúth-chomhoibriú leis na Ballstáit. Cinnfidh an Coimisiún a raon feidhme, liosta a shaintréithe, a thréimhse thagartha, na gníomhaíochtaí a bheidh le cuimsiú agus na ceanglais cháilíochta i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2) 12 mhí ar a laghad roimh thús na tréimhse tagartha. Sonróidh an Coimisiún freisin an gá a bheidh leis an bhfaisnéis agus an tionchar a bheidh ag bailiú na sonraí i dtaca leis an ualach ar ghnólachtaí agus leis na costais a bheidh ar na Ballstáit.

Chun an t-ualach ar ghnólachtaí agus na costais a bheidh ar na Ballstáit a theorannú, teorannófar méid an bhailiúcháin sonraí go dtí uasmhéid de 20 tréith fiontair nó ceist, go dtí uasmhéid de 25 000 fiontar freagartha ar fud an Aontais Eorpaigh, agus go dtí uasmhéid de 1,5 uair an chloig ar an meán mar dhíchealL aonair an fhreagróra. Beidh bailiúcháin ad hoc sonraí comhdhéanta de líon Ballstát a bheidh ionadaíoch. I gcás nach mbeidh ach torthaí ar leibhéal na hEorpa de dhíth, féadfaidh an Coimisiún cur chuige samplála Eorpach a shocrú chun an t-ualach is lú agus na costais is ísle a áirithiú.

Féadfaidh an Coimisiún costais bailiúchán ad hoc sonraí a chómhaoiniú agus nósanna imeachta seanbhunaithe á n-úsáid aige.

*Airteagal 4*

**Staidéir phíolótacha**

1. Tionscnóidh an Coimisiún sraith staidéar píolótach agus cuirfidh na Ballstáit i gcrích iad ar bhonn deonach faoi mar a shonraítear sna hIarscríbhinní. Dámhfaidh an Coimisiún deontais ar údaráis náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 maidir le Staidreamh Comhphobail ([1]), tar éis glao ar thograí a dhéanamh.

2. Déanfar na staidéir phíolótacha a sheoladh chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha agus a indéanta atá sé sonraí a fháil. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thorthaí na staidéar píolótach, agus na buntáistí a bhaineann le fáil a bheith ar shonraí i ndáil le costas an bhailithe agus an t-ualach ar ghnólachtaí á gcur i gcuntas.

3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na staidéar píolótach in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Na bearta a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh ar bhonn meastóireachta ar na staidéir phíolótacha, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

([1]) IO L 52, 22.2.1997, lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003.

*Airteagal 5*

**Fáil sonraí**

1. Gheobhaidh na Ballstáit na sonraí is gá chun na saintréithe atá sna liostaí dá dtagraítear sna modúil in Airteagal 3 a bhreathnú.

2. Féadfaidh na Ballstáit na sonraí is gá a fháil trí theaglam de na foinsí éagsúla a shonraítear thíos a úsáid, agus prionsabal an tsimpliúcháin riaracháin á chur i bhfeidhm:

(a) suirbhéanna éigeantacha: beidh ar na haonaid dhlíthiúla, lena mbaineann na haonaid staidrimh a n-iarrfaidh na Ballstáit orthu gníomhú nó dá mbeidh siad comhdheánta, faisnéis chruinn, iomlán a thabhairt laistigh de na spriocamanna forordaithe;

(b) foinsí eile a bheidh coibhéiseach ar a laghad a mhéid a bhaineann le cruinneas agus cáilíocht;

(c) nósanna imeachta um meastachán staidrimh más rud é nár breathnaíodh cuid de na saintréithe i gcás na n-aonad go léir.

3. Chun ualaigh freagartha a laghdú, beidh rochtain ag na húdaráis náisiúnta agus ag an gCoimisiún (Eurostat), faoi na teorainneacha agus na coinníollacha a bheidh socraithe ag gach Ballstát agus ag an gCoimisiún ina réimsí inniúlachta faoi seach, ar fhoinsí sonraí riaracháin a chuimsíonn réimsí gníomhaíochta a gcuid riarachán poiblí féin a mhéid a mbeidh gá leis na sonraí sin chun na ceanglais chruinnis dá dtagraítear in Airteagal 6 a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, cibé uair is féidir, bainfear úsáid as sonraí riaracháin cuí chun ceanglais thuairiscithe an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

4. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, na toscaí chun cinn ina mbainfear níos mó úsáide as tarchur leictreonach sonraí agus as próiseáil uathoibríoch sonraí.

*Airteagal 6*

**Cruinneas**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go léireoidh na sonraí a tharchuirfear struchtúr phobail na n-aonad staidrimh a leagtar síos sna hIarscríbhinní.

2. Déanfar meastóireacht cháilíochta ina ndéanfar comparáid idir na buntáistí a bhaineann le fáil a bheith ar na sonraí agus costais an bhailithe chomh maith leis an ualach ar ghnólachtaí, go háirithe ar fhiontair bheaga.

3. Tarchuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don mheastóireacht dá dtagraítear i mír 2 chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin dó.

*Airteagal 7*

**Comparáideacht**

1. As na sonraí bailithe agus measta, cuirfidh na Ballstáit torthaí inchomparáide ar fáil, ag déanamh de réir an mhiondealaithe a fhoráiltear do gach modúl in Airteagal 3 agus sna hIarscríbhinní faoi seach.

2. Ionas go bhféadfar comhiomláin Chomhphobail a thiomsú, cuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha ar fáil de réir leibhéal NACE Ath. 2, a leagtar síos sna hIarscríbhinní, nó a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

*Airteagal 8*

**Tarchur na dtorthaí**

1. Tarchuirfidh na Ballstáit na torthaí dá bhforáiltear in Airteagal 7 den Rialachán seo, lena n-áirítear sonraí faoi rún, chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir leis na forálacha Comhphobail atá cheana ann maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh, go háirithe Rialachán (Euratom, CEE) Uimh. 1588/90 ón gComhairle [1]. Beidh feidhm ag na forálacha Comhphobail sin maidir le cóiriú na dtorthaí, a mhéid a mbeidh sonraí rúnda iontu.

2. Déanfar na torthaí a tharchur i bhformáid iomchuí theicniúil, laistigh de thréimhse ama dar tosach deireadh na tréimhse tagartha a leagfar síos i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3) do na modúil dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(a) go (h) agus (j) agus ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 18 mí. Ní bheidh an tréimhse ama níos faide ná 30 mí ná 18 mí faoi mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IX, Roinn 9, don mhodúl dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(i). Chomh maith leis sin, déanfar líon beag réamhthorthaí measta a tharchur laistigh de thréimhse ama dar tosach deireadh na tréimhse tagartha a leagfar síos i gcomhréir leis an nós imeachta sin do na modúil dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(a) go (g) agus ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 10 mí. Ní bheidh an tréimhse ama i gcomhair réamhthorthaí níos faide ná 18 mí don mhodúl dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(i).

3. Chun an t-ualach ar ghnólachtaí, chomh maith leis na costais a bheidh ar na húdaráis náisiúnta staidrimh, a íoslaghdú, féadfaidh na Ballstáit sonraí a mharcáil chun go mbainfí úsáid astu mar chion tairbhe d'iomláin Eorpacha amháin ('CETO'). Ní fhoilseoidh Eurostat na sonraí sin ná ní luafaidh na Ballstáit CETO leis na sonraí a fhoilseofar go náisiúnta. Beidh úsáid mharc CETO ag brath ar sciar an Bhallstáit aonair d'iomlán an AE den bhreisluach sa gheilleagar gnó mar a leanas:

(a) an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil agus an Ríocht Aontaithe: féadfar sonraí a luaitear CETO leo a sheoladh i gcomhair leibhéal aicme de NACE Ath. 2 agus i gcomhair miondealú ar aicme méide ag leibhéal grúpa NACE Ath. 2. Ní fhéadfar níos mó ná 15 % de na cealla a mharcáil;

---

[1] IO L 151, 15.6.1990, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003.

(b) an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Fhionlainn agus an tSualainn: féadfar sonraí a luaitear CETO leo a sheoladh i gcomhair leibhéal aicme NACE Ath. 2 agus i gcomhair miondealú ar aicme méide ag leibhéal grúpa NACE Ath. 2. Ní fhéadfar níos mó ná 25 % de na cealla a mharcáil. Chomh maith leis sin, más rud é gur lú ná 0,1 % de gheilleagar gnó an Bhallstáit lena mbaineann an sciar aicme de NACE Ath. 2 nó d'aicme méide grúpa de NACE Ath. 2, in aon Bhallstát de na Ballstáit sin, féadfar na sonraí sin a sheoladh chomh maith agus CETO luaite leo;

(c) an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic: féadfar sonraí a luaitear CETO leo a sheoladh i gcomhair leibhéal grúpa agus leibhéal aicme de NACE Ath. 2 agus i gcomhair miondealú ar aicme méide ag leibhéal grúpa de NACE Ath. 2. Ní fhéadfar níos mó ná 25 % de na cealla ag leibhéal grúpa a mharcáil.

Na bearta a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh, agus a bhaineann leis na rialacha maidir le CETO a lua agus le grúpáil na dtíortha a athbhreithniú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3) faoin 29 Aibreán 2013 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

*Airteagal 9*

**Faisnéis maidir le cur chun feidhme**

Tarchuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo sna Ballstáit chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin dó.

*Airteagal 10*

**Idirthréimhsí**

1. I rith na n-idirthréimhsí, féadfar maoluithe ó fhorálacha na nIarscríbhinní a dheonú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2) a mhéid a mbeidh móroiriúnuithe de dhíth ar na córais staidrimh náisiúnta.

2. Féadfar idirthréimhsí forlíontacha a dheonú do Bhallstát i gcomhair tiomsú staidrimh i gcás ina mbeidh sé dodhéanta forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh mar gheall ar mhaoluithe arna ndeonú de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle an 22 Iúil 1993 maidir le comhordú Comhphobail i ndáil le cláir gnó a dhréachtú chun críocha staidrimh ([1]).

*Airteagal 11*

**Bearta cur chun feidhme**

1. Glacfar na bearta seo a leanas, atá riachtanach do chur chun feidhme an Rialacháin seo, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2), eadhon iad siúd lena mbunaítear:

(a) na sainmhínithe ar na saintréithe agus a n-ábharthacht do ghníomhaíochtaí áirithe (Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I, Roinn 4, mír 2);

(b) an sainmhíniú ar an tréimhse thagartha (Airteagal 3);

(c) an fhormáid theicniúil is iomchuí do tharchur na dtorthaí (Airteagal 8 agus Iarscríbhinn I, Roinn 9, mír 2);

(d) an idirthréimhse agus na maoluithe ó fhorálacha an Rialacháin seo arna ndeonú i rith na tréimhse sin (Airteagal 10 agus Iarscríbhinn I, Roinn 11, Iarscríbhinn II, Roinn 10, Iarscríbhinn III, Roinn 9, Iarscríbhinn VIII, Roinn 8 agus Iarscríbhinn IX, Roinn 13);

(e) an liosta saintréithe a bheidh le tarchur agus an t-aicmiú staidrimh comhchoiteann ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach arna bhunú le Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle ([2]) (dá ngairfear 'NACE Ath. 1.1' anseo feasta) don bhliain 2008 agus na mionsonraí maidir leis na torthaí a chur ar fáil á úsáid (Iarscríbhinn I, Roinn 9, mír 2);

(f) úsáid an mhodúil sholúbtha dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(j) agus in Airteagal 3(4); agus

(g) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leis na bailiúcháin ad hoc sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Roinn 4, mír 3 agus mír 4, Iarscríbhinn III, Roinn 3, mír 3 agus Iarscríbhinn IV, Roinn 3, mír 3.

2. Na bearta seo a leanas, atá riachtanach do chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3), eadhon iad siúd:

(a) lena dtugtar na liostaí saintréithe agus na réamhthorthaí cothrom le dáta, a mhéid nach dtugann an tabhairt cothrom le dáta sin le tuiscint, tar éis measúnú cainníochtúil a dhéanamh, go bhfuil méadú tagtha ar an líon aonad a ndearnadh suirbhé orthu ná ar an ualach atá ar na haonaid a bheadh ar neamhréir leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo (Airteagal 4 agus Airteagal 8 agus Iarscríbhinn I, Roinn 6, Iarscríbhinn II, Roinn 6, Iarscríbhinn III, Roinn 6, Iarscríbhinn IV, Roinn 6);

(b) lena mbunaítear minicíocht thiomsú an staidrimh (Airteagal 3);

(c) lena mbunaítear na rialacha i gcomhair sonraí a luaitear CETO leo (Airteagal 8(3));

(d) lena mbunaítear an chéad bhliain tagartha do thiomsú na dtorthaí (Airteagal 8 agus Iarscríbhinn I, Roinn 5);

(e) lena mbunaítear an miondealú ar na torthaí, go háirithe ar na haicmí a bheidh in úsáid agus na teaglamaí de na haicmí méide (Airteagal 7 agus Iarscríbhinn VIII, Roinn 4, mír 2 agus mír 3, Iarscríbhinn IX, Roinn 8, mír 2 agus mír 3, agus Iarscríbhinn IX, Roinn 10);

([1]) IO L 196, 5.8.1993, lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003.

([2]) IO L 293, 24.10.1990, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

(f) lena dtugtar na tréimhsí ama i gcomhair tarchur sonraí cothrom le dáta (Airteagal 8 agus Iarscríbhinn I, Roinn 8, mír 1 agus Iarscríbhinn VI, Roinn 7);

(g) lena n-oiriúnaítear an miondealú ar na gníomhaíochtaí do leasuithe nó d'athbhreithnithe a dhéantar ar NACE agus lena n-oiriúnaítear an miondealú ar tháirgí do leasuithe nó d'athbhreithnithe a dhéantar ar an CPA;

(h) a ghlactar ar bhonn na meastóireachta ar staidéir phíolótacha (Airteagal 4(4));

(i) lena n-athraítear an teorainn íosta i gcomhair an phobail thagartha (Iarscríbhinn VIII, Roinn 3); agus

(j) lena mbunaítear critéir i gcomhair meastóireachta ar cháilíocht (Airteagal 6 agus Iarscríbhinn I, Roinn 6, Iarscríbhinn II, Roinn 6, Iarscríbhinn III, Roinn 6 agus Iarscríbhinn IV, Roinn 6).

*Airteagal 12*

**An Coiste**

1. Tabharfaidh Coiste na gComhphobal Eorpach um an gClár Staidrimh, arna bhunú le Cinneadh 89/382/CEE, Euratom [1], cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 13*

**Tuarascáil**

1. Cuirfidh an Coimisiún, faoin 29 Aibreán 2011 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis an staidreamh arna thiomsú de bhun an Rialacháin seo agus go háirithe maidir lena cháilíocht agus leis an ualach ar ghnólachtaí.

2. Sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, molfaidh an Coimisiún aon leasuithe a mheasfaidh sé a bheith riachtanach.

*Airteagal 14*

**Aisghairm**

1. Aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 58/97. Aisghairtear Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 chomh maith.

2. Déanfar tagairtí a dhéantar don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo ón mbliain tagartha 2008 ar aghaidh agus déanfar iad a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn XI. Leanfaidh forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 58/97 d'fheidhm a bheith acu maidir le bailiú, tiomsú agus tarchur sonraí do na blianta tagartha go dtí 2007, agus an bhliain sin san áireamh.

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 11 Márta 2008.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | J. LENARČIČ |

---

[1] IO L 181, 28.6.1989, lch. 47.

*IARSCRÍBHINN **I***

## MODÚL COMHCHOITEANN DO STAIDREAMH BLIANTÚIL STRUCHTÚRACH

ROINN 1

### Aidhm

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht gnólachtaí sna Ballstáit a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

ROINN 2

### Raon feidhme

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a), (b), (c) agus (e), agus go háirithe leis an anailís ar bhreisluach agus ar a chomhchodanna.

ROINN 3

### Cuimsiú

1. Tiomsófar an staidreamh i gcomhair na ngníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn 9.

2. Déanfar staidéir phíolótacha i gcomhair na ngníomhaíochtaí a luaitear i Roinn 10.

ROINN 4

### Saintréithe

1. Léiríonn na liostaí saintréithe thíos, i gcásanna is ábhartha, an cineál aonaid staidrimh a mbeidh an staidreamh le tiomsú ina leith.

2. Leagfar síos teidil chomhfhreagracha na saintréithe a mbeidh an staidreamh le tiomsú ina leith maidir le gníomhaíochtaí i Roinn K de NACE Ath. 2 is dlúithe a fhreagraíonn dóibh siúd a liostaítear i mír 3 go mír 5 i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2).

3. Staidreamh déimeagrafach bliantúil:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí struchtúracha |
| 11 11 0 | Líon na bhfiontar |
| 11 21 0 | Líon na n-aonad áitiúil |

4. Saintréithe fiontair a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí cuntasaíochta |
| 12 11 0 | Láimhdeachas |
| 12 12 0 | Luach táirgeachta |
| 12 15 0 | Breisluach ar thoisc-chostas |
| 12 17 0 | Barrachas oibriúcháin comhlán |
| 13 11 0 | Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí |
| 13 12 0 | Ceannacháin earraí agus seirbhísí a ceannaíodh le hathdhíol sa riocht céanna ina bhfuarthas iad |

| Cód | Teideal |
|---|---|
| 13 13 1 | Íocaíochtaí d'oibrithe gníomhaireachta |
| 13 31 0 | Costais phearsanra |
| 13 32 0 | Pá agus tuarastail |
| 13 33 0 | Costais slándála sóisialta |
| Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil | |
| 15 11 0 | Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| 16 11 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe |
| 16 13 0 | Líon na bhfostaithe |
| 16 14 0 | Líon na bhfostaithe atá in aonaid choibhéiseacha lánaimseartha |

5. Saintréithe a mbeidh staidreamh réigiúnach bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | |
| 13 32 0 | Pá agus tuarastail |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| 16 11 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe |

6. Déanfar staidéir phíolótacha i gcomhair na ngníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn 10.

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh ina leith. Tiomsófar sonraí de réir an mhiondealaithe i Roinn 9. Cinnfear an chéad bhliain tagartha a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith i gcomhair na n-aicmí gníomhaíochta arna gcuimsiú ag grúpaí 64.2, 64.3, agus 64.9 agus rannán 66 de NACE Ath. 2, áfach, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 6

**Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**

Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne de 95 %, a áireoidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur i gcuntas. Leagfar síos na príomh-shaintréithe i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 7

**Na torthaí a chur ar fáil**

1. Déanfar na torthaí a mhiondealú go dtí an leibhéal aicme ina mionsonraítear na gníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn 9.

2. Déanfar roinnt torthaí a mhiondealú freisin, in aicmí méide i gcomhair gach grúpa gníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn 9.

3. Déanfar torthaí an staidrimh réigiúnaigh a mhiondealú go dtí an leibhéal 2-dhigit de NACE Ath. 2 (rannáin) agus leibhéal 2 den aicmiú staidrimh comhchoiteann aonad críche, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

[1] IO L 154, 21.6.2003, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 105/2007 ón gCoimisiún (IO L 39, 10.2.2007, lch. 1).

ROINN 8

**Tarchur na dtorthaí**

1. Tarchuirfear na torthaí laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha, seachas i gcás aicme gníomhaíochta 64.11 de NACE Ath. 2 agus i gcás gníomhaíochtaí de chuid NACE Ath. 2 a chuimsítear le hIarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII. Moill tarchuir 10 mí a bheidh ann don aicme gníomhaíochta 64.11 de NACE Ath. 2. Maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear le hIarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII, leagtar síos an mhoill tarchuir sna hIarscríbhinní sin. Cinnfear moill tarchuir ar thorthaí na n-aicmí gníomhaíochta a chuimsítear le grúpaí 64.2, 64.3 agus 64.9 agus rannán 66 de NACE Ath. 2, áfach, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

2. Seachas i gcás rannáin 64 agus 65 de NACE Ath. 2, tarchuirfear réamhthorthaí nó meastacháin náisiúnta laistigh de 10 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha i gcomhair an staidrimh fiontair a thiomsaítear do na saintréithe a liostaítear thíos:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | |
| 12 11 0 | Láimhdeachas |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| 16 11 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe |

Beidh na réamhthorthaí nó na meastacháin sin le miondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit NACE Ath. 2 (grúpa). Cinnfear tarchur na réamhthorthaí nó na meastachán do rannán 66 de NACE Ath. 2 i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 9

**Miondealú ar ghníomhaíochtaí**

1. Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh Ballstáit, ón mbliain tagartha 2008 ar aghaidh, torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí aicmí NACE Ath. 2 do Roinn B go Roinn N agus do rannán 95.

2. Gan dochar d'Airteagal 2(1), tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún staidreamh struchtúrach gnó a thagróidh don bhliain tagartha 2008 de réir NACE Ath. 1.1 agus NACE Ath. 2 araon.

   Cinnfear an liosta saintréithe a bheidh le tarchur agus aicmiú NACE Ath. 1.1 á úsáid agus cinnfear na mionsonraí a bhaineann le torthaí a chur ar fáil i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2).

ROINN 10

**Tuarascálacha agus staidéir phíolótacha**

1. Tionscnóidh an Coimisiún sraith staidéar píolótach le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Roinn P go Roinn R agus faoi rannáin 94 agus 96 de Roinn S de NACE Ath. 2 chun tástáil a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le gníomhaíochtaí margaidh sna Ranna sin a chuimsiú.

2. Tionscnóidh an Coimisiún sraith staidéar píolótach i gcomhair saintréithe a bhaineann le cuntais airgeadais agus infheistíochtaí doláimhsithe, foirmeacha chun an córas táirgeachta a eagrú, agus chun comparáideacht idir staidreamh struchtúrach gnó agus staidreamh an mhargaidh saothair agus staidreamh táirgiúlachta a eagrú. Cuirfear na staidéir phíolótacha sin in oiriúint do shainiúlacht na n-earnálacha.

ROINN 11

**Idirthréimhse**

Ní rachaidh an idirthréimhse thar dhá bhliain tar éis na chéad bliana tagartha (2008) a shonraítear i Roinn 5 do thiomsú staidrimh i ndáil leis na saintréithe 12 17 0, 13 13 1 agus 16 14 0.

*IARSCRÍBHINN II*

**MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE TIONSCAL**

ROINN 1

**Aidhm**

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht na hearnála tionscail a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

ROINN 2

**Raon feidhme**

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a) go (e) den Rialachán seo, agus go háirithe leis an méid seo a leanas:

— liosta lárnach staidrimh le haghaidh anailíse mionsonraithe ar struchtúr, ar ghníomhaíocht, ar iomaíochas agus ar fheidhmíocht gníomhaíochtaí tionscail,

— liosta eile staidrimh le haghaidh staidéir ar ábhair speisialta.

ROINN 3

**Cuimsiú**

Beidh an staidreamh le tiomsú i gcomhair na ngníomhaíochtaí uile arna n-aicmiú laistigh de chuimsiú Ranna B, C, D agus E de NACE Ath. 2. Cuimsíonn na ranna sin gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cairéalachta (B), déantúsaíocht (C), soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe (D) agus soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin (E). Bainfidh staidreamh fiontair le pobal na bhfiontar go léir arna n-aicmiú de réir a bpríomhghníomhaíochta in Ranna B, C, D agus E.

ROINN 4

**Saintréithe**

1. Léiríonn na liostaí saintréithe agus an staidreamh a leagtar amach thíos, i gcásanna is ábhartha, an cineál aonad staidrimh a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith agus cibé acu an dtiomsófar é ar mhinicíocht bhliantúil nó ar mhinicíocht ilbhliantúil. Tá an staidreamh agus na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhodúl comhchoiteann a shainmhínítear i Roinn 1 chomh maith.

2. Staidreamh déimeagrafach bliantúil:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí struchtúracha | |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* |
| *11 21 0* | *Líon na n-aonad áitiúil* |
| 11 31 0 | Líon aonad an chineáil gníomhaíochta |

3. Saintréithe na bhfiontar a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal | |
|---|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* | |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* | |
| 12 13 0 | Corrlach comhlán ar earraí atá le hathdhíol | |
| *12 15 0* | *Breisluach ar thoisc-chostas* | |
| *12 17 0* | *Barrachas oibriúcháin comhlán* | |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* | |
| *13 12 0* | *Ceannacháin earraí agus seirbhísí a ceannaíodh le hathdhíol sa riocht céanna ina bhfuarthas iad* | |
| *13 13 1* | *Íocaíochtaí le haghaidh oibrithe gníomhaireachta* | |
| 13 21 3 | Athrú i stoic táirgí críochnaithe agus in obair idir lámha arna ndéanamh ag an aonad | |
| *13 31 0* | *Costais phearsanra* | |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* | |
| *13 33 0* | *Costais slándála sóisialta* | |
| 13 41 1 | Íocaíochtaí i gcomhair cíosa fhadtéarmaigh agus léasaithe oibríochtúla earraí | |
| Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil | | |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* | |
| 15 12 0 | Ollinfheistíocht i dtalamh | |
| 15 13 0 | Ollinfheistíocht sna foirgnimh agus sna struchtúir atá cheana ann | |
| 15 14 0 | Ollinfheistíocht i bhfoirgníocht agus in athrú foirgneamh | |
| 15 15 0 | Ollinfheistíocht in innealra agus i dtrealamh | |
| 15 21 0 | Díolacháin earraí inláimhsithe infheistíochta | |
| Sonraí maidir le fostaíocht | | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* | |
| *16 13 0* | *Líon na bhfostaithe* | |
| *16 14 0* | *Líon na bhfostaithe in aonaid choibhéiseacha lánaimseartha* | |
| 16 15 0 | An líon uaireanta an chloig oibrithe ag na fostaithe | |
| Miondealú ar an láimhdeachas de réir an chineáil gníomhaíochta | | |
| 18 11 0 | Láimhdeachas ón bpríomhghníomhaíocht ag leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 | |
| Ceannacháin táirgí fuinnimh | | |
| 20 11 0 | Ceannacháin táirgí fuinnimh (mar luach) | Gan Alt D agus Alt E san áireamh |
| Sonraí maidir leis an gcomhshaol | | |
| 21 11 0 | Infheistíocht i dtrealamh agus i ngléasra chun truailliú a rialú, agus gabhálais speisialta chun truailliú a chosc (trealamh ceann píopa den chuid is mó) (*) | |
| 21 12 0 | Infheistíocht i dtrealamh agus i ngléasra a bhaineann le teicneolaíocht níos glaine (teicneolaíocht chomhtháite) (*) | |

(*) Más lú ná 1 % d'iomlán an Chomhphobail méid iomlán an láimhdeachais nó an líon daoine atá fostaithe i rannán de Roinn B go Roinn E de NACE Ath. 2, i mBallstát, ní gá go mbaileofaí an fhaisnéis atá riachtanach chun na staististicí a bhaineann le saintréithe 21 11 0 agus 21 12 0 a thiomsú chun críocha an Rialacháin seo. Má tá sé riachtanach i gcomhair ceanglais bheartais an Chomhphobail, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2), a iarraidh go ndéanfaí bailiúchán ad hoc de na sonraí sin.

4. Saintréithe na bhfiontar a mbeidh staidreamh ilbhliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil |
| 15 42 0 | Ollinfheistíocht i lamháltais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta comhchosúla |
| 15 44 1 | Infheistíocht i mbogearraí a ceannaíodh |
| | Miondealú ar an láimhdeachas de réir an chineáil gníomhaíochta |
| 18 12 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí tionscail |
| 18 15 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí seirbhísí |
| 18 16 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí trádála ceannachta agus athdhíola agus ó ghníomhaíochtaí idirghabhálacha |
| | Sonraí maidir leis an gcomhshaol |
| 21 14 0 | Caiteachas iomlán reatha ar chaomhnú an chomhshaoil (*) |
| | Fochonraitheoireacht |
| 23 11 0 | Íocaíochtaí le fochonraitheoirí |

(*) Más lú ná 1 % d'iomlán an Chomhphobail méid iomlán an láimhdeachais nó an líon daoine atá fostaithe i rannán de Roinn B go Roinn E de NACE Ath. 2, i mBallstát, ní gá go mbaileofaí an fhaisnéis atá riachtanach chun na staististicí a bhaineann le saintréith 21 14 0 a thiomsú chun críocha an Rialacháin seo. Má tá sé riachtanach i gcomhair cheanglais bheartais an Chomhphobail, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2), a iarraidh go ndéanfaí bailiúchán ad hoc de na sonraí sin.

5. Na saintréithe a mbeidh staidreamh réigiúnach bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí cuntasaíochta |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| | Sonraí maidir le fostaíocht |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

6. Na saintréithe a bhaineann le haonaid an chineáil gníomhaíochta a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí cuntasaíochta |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| | Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* |
| | Sonraí maidir le fostaíocht |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

7. Déanfar staidéir phíolótacha i gcomhair na saintréithe a liostaítear i Roinn 9.

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

1. Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh bliantúil ina leith. Sonraítear thíos na chéad bhlianta tagartha a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith ar mhinicíocht ilbhliantúil i gcomhair na gcód faoina liostaítear na saintréithe.

| Bliain féilire | Cód |
|---|---|
| 2009 | 15 42 0 agus 15 44 1 |
| 2008 | 18 12 0, 18 15 0, 18 16 0 agus 23 11 0 |

2. Beidh staidreamh ilbhliantúil le tiomsú gach cúig bliana ar a laghad.

3. Is í an bhliain féilire 2010 an chéad bhliain tagartha a mbeidh staidreamh maidir le saintréith 21 14 0 le tiomsú ina leith.

4. Beidh an staidreamh maidir le saintréith 21 12 0 le tiomsú go bliantúil. Beidh an staidreamh maidir le saintréith 21 14 0 le tiomsú gach trí bliana.

ROINN 6

**Tuarascáil maidir le cáilíocht an staidrimh**

Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne de 95 %, a chuirfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur i gcuntas. Leagfar síos na príomh-shaintréithe i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 7

**Na torthaí a chur ar fáil**

1. Déanfar na torthaí don staidreamh, seachas saintréithe 18 11 0, 18 12 0, 18 15 0 agus 18 16 0, a mhiondealú go dtí an leibhéal 4-dhigit de NACE Ath. 2 (aicme).

   Déanfar saintréithe 18 11 0, 18 12 0, 18 15 0 agus 18 16 0 a mhiondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (aicme).

2. Déanfar roinnt torthaí a mhiondealú freisin go dtí aicmí méide agus go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa).

3. Déanfar na torthaí don staidreamh arna dtiomsú ó aonaid an chineáil gníomhaíochta a mhiondealú go dtí an leibhéal 4-dhigit de NACE Ath. 2 (aicme).

4. Déanfar na torthaí don staidreamh réigiúnach a mhiondealú go dtí an leibhéal 2-dhigit de NACE Ath. 2 (rannán) agus leibhéal 2 d'ainmníocht na n-aonad críche.

5. Déanfar torthaí do shaintréithe 21 11 0, 21 12 0 agus 21 14 0 a mhiondealú go dtí an leibhéal 2-dhigit de NACE Ath. 2 (rannán).

6. Beidh na torthaí do shaintréithe 21 11 0, 21 12 0 agus 21 14 0 le miondealú go dtí na fearainn comhshaoil seo a leanas: caomhnú na haeráide agus aer na timpeallachta, bainistíocht fuíolluisce, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí eile chaomhnú comhshaoil. Déanfar na torthaí do na fearainn chomhshaoil a mhiondealú go dtí an leibhéal 2-dhigit de NACE Ath. 2 (rannán).

ROINN 8

**Tarchur na dtorthaí**

Beidh na torthaí le tarchur laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha.

Beidh réamhthorthaí nó meastacháin náisiúnta le tarchur laistigh de 10 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha i gcomhair an staidrimh fiontraíochta dá dtagraítear i Roinn 4(3) arna dtiomsú do na saintréithe a liostaítear thíos:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí struchtúracha |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* |
| | Sonraí cuntasaíochta |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* |
| | Sonraí maidir le fostaíocht |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

Déanfar na réamhthorthaí sin a mhiondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa).

ROINN 9

**Tuarascálacha agus staidéir phíolótacha**

Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún a bhaineann le fáil a bheith ar na sonraí is gá chun torthaí na saintréithe seo a leanas a thiomsú:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Sonraí maidir leis an gcomhshaol | | |
| 21 11 0 | Infheistíocht i dtrealamh agus i ngléasra chun truailliú a rialú, agus gabhálais speisialta chun truailliú a chosc (trealamh ceann píopa den chuid is mó) | Miondealú sonrach ar chomhlíonadh Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide |
| 21 12 0 | Infheistíocht i dtrealamh agus i ngléasra a bhaineann le teicneolaíocht níos glaine ('teicneolaíocht chomhtháite') | Miondealú sonrach ar chomhlíonadh Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide |
| 21 14 0 | Caiteachas iomlán reatha ar chaomhnú an chomhshaoil | Miondealú sonrach ar chaiteachas a eascraíonn ó chur chun feidhme bheartas comhshaoil an AE. |
| Fochonraitheoireacht | | |
| 23 12 0 | Ioncam ó fhochonraitheoireacht | |

Tionscnóidh an Coimisiún sraith staidéar píolótach le haghaidh na saintréithe sin.

ROINN 10

**Idirthréimhse**

Críochnóidh an idirthréimhse do thiomsú staidrimh maidir le saintréithe 21 12 0 agus 21 14 0 leis an mbliain tagartha 2008.

*IARSCRÍBHINN III*

**MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE TRÁDÁIL**

ROINN 1

**Aidhm**

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht na hearnála trádála imdháilte a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

ROINN 2

**Raon feidhme**

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a) go (e), agus go háirithe leis an méid seo a leanas:

— struchtúr an líonra trádála imdháilte agus a theacht chun cinn,

— gníomhaíocht imdhála agus modhanna díola chomh maith le patrúin soláthair agus díolacháin.

ROINN 3

**Cuimsiú**

1. Beidh an staidreamh le tiomsú i dtaca leis na gníomhaíochtaí go léir a thagann laistigh de chuimsiú Roinn G de NACE Ath. 2. Cuimsíonn an earnáil seo gníomhaíochtaí trádála mórdhíola agus miondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar. Tagraíonn staidreamh fiontair do phobal na bhfiontar uile a n-aicmítear a bpríomhghníomhaíochtaí i Roinn G.

2. Más lú, de ghnáth, ná 1 % d'iomlán an Chomhphobail méid iomlán an láimhdeachais agus an líon daoine atá fostaithe i rannán de Roinn G de NACE Ath. 2, i mBallstát, ní gá go mbaileofaí an fhaisnéis a leagtar síos san Iarscríbhinn seo agus nach bhfuil in Iarscríbhinn I chun críocha an Rialacháin seo.

3. I gcás ina mbeidh gá leis mar gheall ar cheanglais bheartais an Chomhphobail, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2), a iarraidh go ndéanfaí bailiúchán ad hoc de na sonraí dá dtagraítear i mír 2.

ROINN 4

**Saintréithe**

1. Léiríonn liostaí na saintréithe agus an staidrimh a leagtar amach thíos, i gcásanna is ábhartha, an cineál aonaid staidrimh a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith agus cibé acu an mbeidh sé le tiomsú ar mhinicíocht bhliantúil nó ar mhinicíocht ilbhliantúil. Tá an staidreamh agus na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhodúl comhchoiteann a shainmhínítear in Iarscríbhinn I chomh maith.

2. Staidreamh déimeagrafach bliantúil:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí struchtúracha |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* |
| *11 21 0* | *Líon na n-aonad áitiúil* |

3. Saintréithe na bhfiontar a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí cuntasaíochta |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* |
| 12 13 0 | Corrlach comhlán ar earraí atá le hathdhíol |
| *12 15 0* | *Breisluach ar thoisc-chostas* |
| *12 17 0* | *Barrachas comhlán oibriúcháin* |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* |
| *13 12 0* | *Ceannacháin earraí agus seirbhísí a ceannaíodh le hathdhíol sa riocht céanna ina bhfuarthas iad* |
| *13 13 1* | *Íocaíochtaí le haghaidh oibrithe gníomhaireachta* |
| 13 21 0 | Athrú i stoic earraí agus seirbhísí |
| 13 21 1 | Athrú i stoic earraí agus seirbhísí a ceannaíodh le hathdhíol sa riocht céanna ina bhfuarthas iad |
| *13 31 0* | *Costais phearsanra* |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| *13 33 0* | *Costais slándála sóisialta* |
| | Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* |
| 15 12 0 | Ollinfheistíocht i dtalamh |
| 15 13 0 | Ollinfheistíocht sna foirgnimh agus sna struchtúir atá cheana ann |
| 15 14 0 | Ollinfheistíocht i bhfoirgníocht agus in athrú foirgneamh |
| 15 15 0 | Ollinfheistíocht in innealra agus i dtrealamh |
| 15 21 0 | Díolacháin earraí inláimhsithe infheistíochta |
| | Sonraí maidir le fostaíocht |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |
| *16 13 0* | *Líon na bhfostaithe* |
| *16 14 0* | *Líon na bhfostaithe in aonaid choibhéiseacha lánaimseartha* |

4. Saintréithe na bhfiontar a mbeidh staidreamh ilbhliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| | Fáisnéis faoin gcineál trádála a dhéanann fiontair | Rannán 47 amháin |
| 17 32 0 | Líon na siopaí miondíola | |
| | Miondealú ar an láimhdeachas de réir an chineáil gníomhaíochta | |
| 18 10 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh agus tionscail | |
| 18 15 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí seirbhísí | |
| 18 16 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí trádála maidir le ceannach agus athdhíol agus ó ghníomhaíochtaí idirghabhálacha | |
| | Miondealú an láimhdeachais de réir an chineáil táirge | |
| 18 21 0 | Miondealú an láimhdeachais de réir an chineáil táirge (de réir Alt G de CPA (*)) | |

(*) Rialachán (CEE) Uimh. 3696/93 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 1993 maidir le haicmiú staidrimh ar tháirgí de réir gníomhaíochta (CPA) i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 342, 31.12.1993, lch. 1). Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003.

5. Saintréithe a mbeidh staidreamh réigiúnach bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

6. Saintréithe a mbeidh staidreamh réigiúnach ilbhliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* | Rannáin 45 agus 47 amháin |
| Faisnéis faoin gcineál trádála a dhéanann fiontair | | |
| 17 33 1 | Spás díolacháin | Rannán 47 amháin |

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

1. Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh ina leith. Sonraítear thíos na chéad bhlianta tagartha a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith ar mhinicíocht ilbhliantúil i gcomhair gach ceann de rannáin NACE Ath. 2 dá dtiomsófar na sonraí agus i gcomhair an staidrimh réigiúnaigh ilbhliantúil:

| Bliain féilire | Miondealú |
|---|---|
| 2012 | Rannán 47 |
| 2008 | Rannán 46 |
| 2009 | Staidreamh réigiúnach |
| 2010 | Rannán 45 |

2. Cúig bliana a bheidh i gceist leis an minicíocht ilbhliantúil.

ROINN 6

**Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**

Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne de 95 %, a chuirfidh an Coimisiún san áireamh sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur i gcuntas. Cinnfidh an Coimisiún na príomh-shaintréithe i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 7

**Torthaí a chur ar fáil**

1. Ionas go bhféadfar comhiomláin Chomhphobail a thiomsú, cuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha ar fáil arna miondealú go dtí aicmí de NACE Ath. 2.

2. Beidh roinnt torthaí le miondealú freisin go dtí aicmí méide i gcomhair gach grúpa de NACE Ath. 2.

3. Beidh an staidreamh réigiúnach le miondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa) agus leibhéal 2 d'aimníocht na n-aonad críche.

4. Freagróidh an méid a chuimseofar leis an staidreamh réigiúnach a bheidh le tiomsú ar bhonn ilbhliantúil do phobal na n-aonad áitiúil uile a n-aicmítear a bpríomhghníomhaíocht i Roinn G. Féadfar é a theorannú, áfach, go dtí na haonaid áitiúla atá ag brath ar fhiontair arna n-aicmiú i Roinn G de NACE Ath. 2 má chuimsítear breis agus 95 % den chuimsiú iomlán leis an bpobal sin. Ríomhfar an cóimheas sin trí úsáid a bhaint as an tsaintréith fostaíochta atá ar fáil sa chlár gnó.

ROINN 8

**Tarchur na dtorthaí**

1. Beidh na torthaí le tarchur laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha.

2. Beidh na réamhthorthaí náisiúnta nó na meastacháin náisiúnta le tarchur laistigh de 10 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha i gcomhair an staidrimh fiontair arna thiomsú do na saintréithe a liostaítear thíos:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine fostaithe* |

Déanfar na réamhthorthaí sin a mhiondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa).

ROINN 9

**Idirthréimhse**

Ní rachaidh an idirthréimhse chun an staidreamh maidir le saintréithe 13 13 1 agus 16 14 0 a thiomsú thar dhá bhliain tar éis na chéad bliana tagartha (2008) a shonraítear i Roinn 5.

*IARSCRÍBHINN IV*

## MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE FOIRGNÍOCHT

ROINN 1

### Aidhm

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht na hearnála foirgníochta a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

ROINN 2

### Raon feidhme

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a), go (e), agus go háirithe leis an méid seo a leanas:

— liosta lárnach staidrimh chun anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar struchtúr, ar ghníomhaíocht, ar fheidhmíocht agus ar iomaíochas na ngníomhaiochtaí foirgníochta,

— liosta eile staidrimh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair speisialta.

ROINN 3

### Cuimsiú

1. Beidh an staidreamh le tiomsú do na gníomhaíochtaí go léir atá aicmithe faoi chuimsiú Roinn F de NACE Ath. 2. Bainfidh staidreamh fiontair le pobal na bhfiontar go léir arna n-aicmiú de réir a bpríomhghníomhaíochta i Roinn F.

2. Más lú, de ghnáth, ná 1 % d'iomlán an Chomhphobail Eorpaigh méid iomlán an láimhdeachais agus an líon daoine atá fostaithe i rannán de Roinn F de NACE Ath. 2, i mBallstát, ní gá go mbaileofaí an fhaisnéis a leagtar síos san Iarscríbhinn seo agus nach bhfuil in Iarscríbhinn I chun críocha an Rialacháin seo.

3. I gcás ina mbeidh gá leis, mar gheall ar cheanglais bheartais an Chomhphobail, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2), a iarraidh go ndéanfaí bailiúchán ad hoc de na sonraí dá dtagraítear i mír 2.

ROINN 4

### Saintréithe

1. Léiríonn liostaí na saintréithe agus an staidrimh a leagtar amach thíos, i gcásanna is ábhartha, an cineál aonaid staidrimh a mbeidh an staidreamh le tiomsú ina leith agus cibé acu an mbeidh sé le tiomsú ar mhinicíocht bhliantúil nó ar mhinicíocht ilbhliantúil. Tá an staidreamh agus na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhodúl comhchoiteann a shainmhínítear in Iarscríbhinn I chomh maith.

2. Staidreamh déimeagrafach bliantúil:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí struchtúracha |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* |
| *11 21 0* | *Líon na n-aonad áitiúil* |

3. Saintréithe na bhfiontar a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* | |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* | |
| 12 13 0 | Corrlach comhlán ar earraí atá le hathdhíol | Rannáin 41 agus 42 agus grúpaí 43.1 agus 43.9 — roghnach |
| *12 15 0* | *Breisluach ar thoisc-chostas* | |
| *12 17 0* | *Barrachas comhlán oibriúcháin* | |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* | |
| *13 12 0* | *Ceannacháin earraí agus seirbhísí atá le hathdhíol sa riocht céanna ina bhfuarthas iad* | Rannán 41 agus rannán 42 agus grúpaí 43.1 agus 43.9 — roghnach |
| *13 13 1* | *Íocaíochtaí le haghaidh oibrithe gníomhaireachta* | |
| 13 21 3 | Athrú i stoic táirgí críochnaithe agus in obair idir lámha arna ndéanamh ag an aonad | |
| *13 31 0* | *Costais phearsanra* | |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* | |
| *13 33 0* | *Costais slándála sóisialta* | |
| 13 41 1 | Íocaíochtaí i gcomhair fruilithe fhadtéarmaigh earraí agus i gcomhair léasaithe fhadtéarmaigh oibríochtúla earraí | |
| Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil | | |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* | |
| 15 12 0 | Ollinfheistíocht i dtalamh | |
| 15 13 0 | Ollinfheistíocht sna foirgnimh agus sna struchtúir atá cheana ann | |
| 15 14 0 | Ollinfheistíocht i bhfoirgníocht agus in athrú foirgneamh | |
| 15 15 0 | Ollinfheistíocht in innealra agus i dtrealamh | |
| 15 21 0 | Díolacháin earraí inláimhsithe infheistíochta | |
| Sonraí maidir le fostaíocht | | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* | |
| *16 13 0* | *Líon na bhfostaithe* | |
| *16 14 0* | *Líon na bhfostaithe in aonaid choibhéiseacha lánaimseartha* | |
| 16 15 0 | An líon uaireanta an chloig a oibríonn na fostaithe | |
| Miondealú ar an láimhdeachas de réir an chineáil gníomhaíochta | | |
| 18 11 0 | Láimhdeachas ón bpríomhghníomhaíocht ag leibhéal trí dhigit NACE Ath. 2 | |
| Ceannacháin táirgí fuinnimh | | |
| 20 11 0 | Ceannacháin táirgí fuinnimh (de réir luacha) | |

4. Saintréithe na bhfiontar a mbeidh staidreamh ilbhliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Sonraí a bhaineann leis an gcuntas caipitil | | |
| 15 44 1 | Infheistíocht i mbogearraí a ceannaíodh | |
| Miondealú ar an láimhdeachas de réir an chineáil gníomhaíochta | | |
| 18 12 1 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí tionscail gan foirgníocht san áireamh | |
| 18 12 2 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí foirgníochta | |
| 18 15 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí seirbhísí | |
| 18 16 0 | Láimhdeachas ó ghníomhaíochtaí trádála agus idirghabhálacha | |
| 18 31 0 | Láimhdeachas ó thógáil | Rannáin 41 agus 42 agus grúpaí 43.1 agus 43.9 amháin |
| 18 32 0 | Láimhdeachas ó innealtóireacht shibhialta | Rannáin 41 agus 42 agus grúpaí 43.1 agus grúpa 43.9 amháin |
| Fochonraitheoireacht | | |
| 23 11 0 | Íocaíochtaí le fochonraitheoirí | |
| 23 12 0 | Ioncam ó fhochonraitheoireacht | |

5. Saintréithe a mbeidh staidreamh réigiúnach bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

6. Saintréithe aonaid an chineáil gníomhaíochta a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* |
| Sonraí maidir le fostaíocht | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

1. Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh bliantúil ina leith. Sonraítear thíos na chéad bhlianta tagartha a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith ar mhinicíocht ilbhliantúil do na cóid faoina liostaítear na saintréithe.

| Bliain féilire | Cód |
|---|---|
| 2009 | 15 44 1 |
| 2008 | 18 12 1, 18 12 2, 18 15 0, 18 16 0, 18 31 0, 18 32 0, 23 11 0 agus 23 12 0 |

2. Beidh staidreamh ilbhliantúil le tiomsú gach cúig bliana ar a laghad.

ROINN 6

**Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**

Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne de 95 %, a chuirfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur i gcuntas. Beidh na príomh-shaintréithe le bunú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 7

**Na torthaí a chur ar fáil**

1. Beidh na torthaí don staidreamh, gan saintréithe 15 44 1, 18 11 0, 18 12 1, 18 12 2, 18 15 0,18 16 0, 18 31 0 agus 18 32 0 san áireamh, le miondealú go dtí an leibhéal 4-dhigit de NACE Ath. 2 (aicme).

   Beidh na torthaí do na saintréithe 15 44 1, 18 11 0, 18 12 1, 18 12 2, 18 15 0, 18 16 0, 18 31 0 agus 18 32 0 le miondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa).

2. Beidh roinnt torthaí le miondealú freisin go dtí aicmí méide agus go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa).

3. Beidh na torthaí don staidreamh arna dtiomsú ó aonaid an chineáil gníomhaíochta le miondealú go dtí an leibhéal 4-dhigit (aicme) de NACE Ath. 2.

4. Beidh na torthaí don staidreamh réigiúnach le miondealú go dtí an leibhéal 2-dhigit de NACE Ath. 2 (rannáin) agus leibhéal 2 d'ainmníocht na n-aonad críche.

ROINN 8

**Tarchur na dtorthaí**

Beidh na torthaí le tarchur laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha.

Tarchuirfear na réamhthorthaí nó na meastacháin náisiúnta laistigh de 10 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha i gcomhair staidrimh fiontair arna thiomsú do na saintréithe a liostaítear thíos:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí struchtúracha |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* |
| | Sonraí cuntasaíochta |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* |
| | Sonraí a bhaineann leis na cuntais chaipitil |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* |
| | Sonraí maidir le fostaíocht |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* |

Déanfar na réamhthorthaí seo a mhiondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa).

ROINN 9

**Idirthréimhse**

Ní fhéadfar idirthréimhse a dheonú.

*IARSCRÍBHINN V*

**MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE hÁRACHAS**

ROINN 1

**Aidhm**

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht sheirbhísí árachais a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas. Tá liosta mionsonraithe sa mhodúl seo de na saintréithe a dtiomsófar staidreamh ina leith ionas go gcuirfear feabhas ar an eolas ar fhorbairt náisiúnta, Chomhphobail agus idirnáisiúnta earnáil an árachais.

ROINN 2

**Raon feidhme**

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a), (b) agus (c), agus go háirithe leis an méid seo a leanas:

— an anailís mhionsonraithe ar struchtúr, ar ghníomhaíocht, ar iomaíochas agus ar fheidhmíocht fiontar árachais;

— forbairt agus imdháileadh an ghnó ina iomláine agus an ghnó de réir táirge, patrúin custaiméirí, gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, fostaíochta, infheistíochtaí, caipitil agus cúlchistí agus forálacha teicniúla.

ROINN 3

**Cuimsiú**

1. Tiomsófar an staidreamh sin le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile a thagann laistigh de raon feidhme rannán 65 de NACE Ath. 2 seachas i gcás grúpa 65.3.

2. Cuimseoidh an tiomsú staidrimh na fiontair seo a leanas:

   — fiontair árachais neamhshaoil: iad sin go léir dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) de Threoir 91/674/CEE ([1]),

   — fiontair árachais saoil: iad sin go léir dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) de Threoir 91/674/CEE,

   — fiontair athárachais shainfheidhmigh: iad sin go léir dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c) de Threoir 91/674/CEE,

   — frithgheallaithe Lloyd's: iad sin go léir dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 91/674/CEE,

   — fiontair árachais ilchodaigh: iad sin go léir a dhéanann gnó árachais saoil agus árachais neamhshaoil.

3. Ina theannta sin, déileálfar leis na brainsí fiontair árachais dá dtagraítear faoi Theideal III de Threoir 73/239/CEE ([2]) agus Treoir 2002/83/CE ([3]), agus a dtagann a ngníomhaíochtaí faoi réim cheann d'aicmí NACE Ath. 2 dá dtagraítear i mír 1 mar na fiontair chomhfhreagracha dá sainmhínítear i mír 2.

([1]) Treoir 91/674/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite gnóthas árachais (IO L 374, 31.12.1991, lch. 7). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 224, 16.8.2006, lch. 1).

([2]) An Chéad Treoir 73/239/CEE ón gComhairle an 24 Iúil 1973 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin maidir le dul i mbun ghnó an aráchais dhírigh seachas árachas saoil agus leanúint den ghnó sin (IO L 228, 16.8.1973, lch. 3). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2005/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 9.12.2005, lch. 1).

([3]) Treoir 2002/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir le hárachas saoil (IO L 345, 19.12.2002, lch. 1). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2007/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 1).

4. Chun críocha an staidrimh chomhchuibhithe Chomhphobail, beidh de shaoirse ag na Ballstáit na heisiatachtaí a luaitear in Airteagal 3 de Threoir 73/239/CEE agus in Airteagal 3(2), (3), (5), (6) agus (7) de Threoir 2002/83/CE a chur i gcuntas.

ROINN 4

**Saintréithe**

1. Tá na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhodúl comhchoiteann in Iarscríbhinn I chomh maith. Tiomsófar na saintréithe agus an staidreamh i liosta A dá dtagraítear i mír 3, agus na saintréithe agus an staidreamh i liosta B dá dtagraítear i mír 4 i gcomhréir le Roinn 5. I gcás ina ndíorthaítear saintréithe go díreach ó na cuntais bhliantúla, déanfar na blianta cuntasaíochta dar gcríoch laistigh de bhliain tagartha a chomhshamhlú leis an mbliain tagartha sin.

2. I liosta A agus liosta B, sainaithnítear saintréithe a bhaineann le fiontair árachais saoil leis an uimhir 1, iad sin a bhaineann le fiontair árachais neamhshaoil leis an uimhir 2, iad sin a bhaineann le fiontair árachais ilchodaigh leis an uimhir 3, iad sin a bhaineann le fiontair athárachais shainfheidhmigh leis an uimhir 4, iad sin a bhaineann le gnó árachais saoil na bhfiontar árachais ilchodaigh leis an uimhir 5 agus iad sin a bhaineann le gnó árachais neamhshaoil (lena n-áirítear glacthaí athárachais) na bhfiontar árachais ilchodaigh leis an uimhir 6.

3. Áirítear an fhaisnéis seo a leanas i liosta A:

(a) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 6 de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais saoil, fiontair árachais neamhshaoil, fiontair árachais ilchodaigh agus fiontair athárachais shainfheidhmigh: taobh sócmhainní an chláir chomhardaithe: ítimí C I (lena léirítear talamh agus foirgnimh atá ar áitiú ag fiontar árachais dá ghníomhaíochtaí féin ar leithligh), C II, C II 1 + C II 3 mar chomhiomlán, C II 2 + C II 4 mar chomhiomlán, C III, C III 1, C III 2, C III 3, C III 4, C III 5, C III 6 + C III 7 mar chomhiomlán, C IV, D; taobh fiachais an chláir chomhardaithe: ítimí A, A I, A II + A III + A IV mar chomhiomlán, B, C 1 a (gnó saoil agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh ar leithligh), C 2 a (gnó saoil agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh ar leithligh), C 3 a (gnó saoil agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh ar leithligh), C 4 a, C 5, C 6 a, D a, G III (gan na hiasachtaí in-chomhshóite a scaradh amach), G IV;

(b) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 34, Cuid 1, de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais neamhshaoil agus fiontair árachais shainfheidhmigh agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: ítimí 1 a, 1 b, 1 c, 1 d, 2, 4 a aa, 4 a bb, 4 b aa, 4 b bb, 7 (méid comhlán), 7 d, 9, 10 (an méid comhlán agus an glanmhéid ar leithligh);

(c) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 34, Cuid II, de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais saoil agus fiontair ghnó saoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: ítimí 1 a, 1 b, 1 c (an méid comhlán agus sciar an athárachóra ar leithligh), 2, 3, 5 a aa, 5 a bb, 5 b aa, 5 b bb, 6 a aa, 6 a bb, 8 (méid comhlán), 8 d, 9, 10, 12, 13 (an méid comhlán agus an glanmhéid ar leithligh);

(d) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 34, Cuid III, de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais saoil, fiontair árachais neamhshaoil, fiontair árachais ilchodaigh agus fiontair athárachais shainfheidhmigh: ítimí 3, 4 (i gcomhair fiontair saoil agus fiontair árachais ilchodaigh amháin), 5, 6 (i gcomhair fiontair árachais neamhshaoil, fiontair árachais ilchodaigh agus fiontair athárachais shainfheidhmigh amháin), 7, 8, 9 + 14 + 15 mar chomhiomlán, 10 (roimh cháin), 13, 16;

(e) na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 63 de Threoir 91/674/CEE:

— maidir le fiontair árachais saoil agus fiontair árachais neamhshaoil agus gnó saoil agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: préimheanna comhlána arna scríobh i ngnó díreach de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA (leibhéal 5-dhigit agus fochatagóirí 66.03.21, 66.03.22),

— maidir le fiontair árachais neamhshaoil agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: éilimh chomhlána a tabhaíodh, árachas díreach, caiteachais chomhlána oibríochta gnó díreach, comhardú árachais dhírigh agus athárachais, gnó díreach, saintréithe uile de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA (leibhéal 5-dhigit agus fochatagóirí 66.03.21, 66.03.22),

— maidir le fiontair árachais saoil agus gnó saoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: préimheanna comhlána díreacha arna scríobh de réir an mhiondealaithe a léirítear in uimhir II, ítim 1 den Airteagal sin;

(f) na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 64 de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais saoil, fiontair árachais neamhshaoil, fiontair árachais ilchodaigh agus fiontair athárachais shainfheidhmigh: coimisiúin do ghnó díreach árachais (seachas fiontair athárachais shainfheidhmigh) agus maidir leis an ngnó árachais ina iomláine;

(g) na saintréithe breise a liostaítear thíos:

| Cód | Teideal | Fiontair/gnó lena mbaineann |
|---|---|---|
| | Sonraí struchtúracha | |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* | (1, 2, 3, 4) |
| 11 11 1 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir stádais dhlíthiúil | (1, 2, 3, 4) |
| 11 11 2 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir aicme méide na bpréimheanna comhlána arna scríobh | (1, 2, 3) |
| 11 11 3 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir aicme méide na bhforálacha teicniúla comhlána | (1) |
| 11 11 5 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir thír chónaithe an mháthairfhiontair | (1, 2, 3, 4) |
| 11 41 0 | Líon iomlán agus suíomh na mbrainsí i dtíortha eile | (1, 2, 3) |
| | Sonraí cuntasaíochta/an chuid theicniúil den chuntas brabúis agus caillteanais | |
| 32 11 4 | Préimheanna comhlána arna scríobh agus arna miondealú de réir stádais dhlíthiúil | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 11 5 | Préimheanna díreacha comhlána arna scríobh agus arna miondealú de réir thír chónaithe an mháthairfhiontair | (1, 2, 5, 6) |
| 32 11 6 | Préimheanna athárachais comhlána arna scríobh a glacadh, agus arna miondealú de réir thír chónaithe an mháthairfhiontair | (1, 2, 4, 6) |
| 32 18 2 | Sciar na n-athárachóirí de na préimheanna comhlána arna scríobh agus arna miondealú de réir thír chónaithe an mháthairfhiontair | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 16 0 | Ítimí eile sa chuntas teicniúil, méid comhlán | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 18 0 | Comhardú athárachais | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 18 8 | Sciar na n-athárachóirí de mhéid comhlán na n-ítimí eile sa chuntas teicniúil | (1, 2, 4, 5, 6) |
| | Sonraí cuntasaíochta/an chuid neamhtheicniúil den chuntas brabúis agus caillteanais | |
| 32 19 0 | Fo-iomlán II (comhardú glan an chuntais theicniúil) | (3) |
| | Sonraí breise a bhaineann leis an gcuntas brabúis agus caillteanais | |
| 32 61 4 | Caiteachais sheachtracha ar earraí agus seirbhísí | (1, 2, 3, 4) |
| *13 31 0* | *Costais phearsanra* | (1, 2, 3, 4) |
| 32 61 5 | Caiteachais bhainistíochta na n-éileamh seachtrach agus inmheánach | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 61 6 | Costais éadála | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 61 7 | Caiteachais riaracháin | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 61 8 | Muirir theicniúla eile chomhlána | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 61 9 | Muirir a bhaineann le bainistíocht infheistíochta | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 71 1 | Ioncam ó leasanna rannpháirteacha | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 71 3 | Ioncam ó thalamh agus ó fhoirgnimh | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 71 4 | Ioncam ó infheistíochtaí eile | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 71 5 | Athchoigeartuithe luacha ar infheistíochtaí | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 71 6 | Gnóchain ar réaduithe infheistíochtaí | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 72 1 | Muirir a bhaineann le bainistíocht infheistíochta, lena n-áirítear ús | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 72 2 | Coigeartuithe luacha ar infheistíochtaí | (1, 2, 4, 5, 6) |
| 32 72 3 | Caillteanais ar réaduithe infheistíochtaí | (1, 2, 4, 5, 6) |

| Cód | Teideal | Fiontair/gnó lena mbaineann |
|---|---|---|
| Sonraí de réir táirge de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA | | |
| 33 12 1 | Sciar na n-athárachóirí de na préimheanna díreacha comhlána arna scríobh (leibhéal 5-dhigit, fochatagóirí 66.03.21, 66.03.22) | (1, 2, 5, 6) |
| Sonraí ar idirnáisiúnú (miondealú geografach ar an ngnó arna scríobh faoin gceart bunaíochta) | | |
| 34 31 1 | Préimheanna díreacha comhlána arna scríobh de réir chatagóir CPA (leibhéal 5-dhigit) agus de réir Ballstáit | (1, 2, 5, 6) |
| Sonraí ar idirnáisiúnú (miondealú geografach ar an ngnó arna scríobh faoin gceart chun seirbhísí a sholáthar) | | |
| 34 32 1 | Préimheanna díreacha comhlána arna scríobh de réir chatagóir CPA (leibhéal 5-dhigit) agus de réir Ballstáit | (1, 2, 5, 6) |
| Sonraí maidir le fostaíocht | | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* | (1, 2, 3, 4) |
| Sonraí maidir leis an gclár comhardaithe (sócmhainní/fiachais) | | |
| 36 30 0 | Iomlán an chláir chomhordaithe | (1, 2, 3, 4) |
| 37 33 1 | Forálacha comhlána i gcomhair éileamh gan íoc, a bhaineann le gnó díreach | (2, 6) |
| 37 30 1 | Glanfhorálacha iomlána teicniúla | (1, 2, 3, 4) |

4. Áirítear an fhaisnéis seo a leanas i liosta B:

(a) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 34, Cuid I, de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais neamhshaoil agus fiontair athárachais shainfheidhmigh agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: ítimí 3, 5, 6, 8;

(b) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 34, Cuid II, de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais saoil agus gnó saoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: ítimí 4, 6 b, 7, 11;

(c) na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 63 de Threoir 91/674/CEE maidir le fiontair árachais saoil agus fiontair árachais neamhshaoil agus gnó saoil agus gnó neamhshaoil na bhfiontar árachais ilchodaigh: miondealú geografach ar phréimheanna díreacha comhlána arna scríobh i mBallstát cheannoifig an fhiontair, i mBallstáit eile, i dtíortha eile LEE, san Eilvéis, sna Stáit Aontaithe, sa tSeapáin nó i dtríú tíortha eile;

(d) na saintréithe breise a liostaítear thíos:

| Cód | Teideal | Fiontair/gnó lena mbaineann | Nótaí tráchta |
|---|---|---|---|
| Sonraí cuntasaíochta/an chuid theicniúil den chuntas brabúis agus caillteanais | | | |
| 32 13 2 | Íocaíochtaí comhlána i leith éileamh a thabhaítear sa bhliain chuntasaíochta reatha | (2, 4, 6) | |
| Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta (i gcoitinne) | | | |
| 34 12 0 | Miondealú geografach ar phréimheanna athárachais comhlána arna nglacadh, préimheanna arna scríobh | (1, 2, 4, 5, 6) | |
| 34 13 0 | Miondealú geografach ar sciar na n-athárachóirí de na préimheanna comhlána arna scríobh | (1, 2, 4, 5, 6) | |

| Cód | Teideal | Fiontair/gnó lena mbaineann | Nótaí tráchta |
|---|---|---|---|
| | Sonraí ar an gclár comhardaithe (sócmhainní/dliteanais) | | |
| 36 11 2 | Talamh agus foirgnimh (luach reatha) | (1, 2, 3, 4) | |
| 36 12 3 | Infheistíochtaí i bhfiontair chleamhnaithe agus i leasanna rannpháirteacha (luach reatha) | (1, 2, 3, 4) | |
| 36 13 8 | Infheistíochtaí eile airgeadais (luach reatha) | (1, 2, 3, 4) | |
| 36 21 0 | Infheistíochtaí chun tairbhe na sealbhóirí polasaithe árachais saoil a sheasann an riosca infheistíochta — talamh agus foirgnimh | (1, 3) | |
| 36 22 0 | Infheistíochtaí chun tairbhe na sealbhóirí polasaithe árachais saoil a sheasann an riosca infheistíochta — infheistíochtaí eile airgeadais | (1, 3) | |
| 37 10 1 | Caipiteal iomlán agus cúlchistí, arna miondealú de réir stádais dhlíthiúil | (1, 2, 3, 4) | |
| 37 33 3 | Foráil chomhlán i gcomhair éileamh gan íoc a bhaineann le gnó díreach de réir chatagóir/fhochatagóir an CPA (leibhéal 5-dhigit) agus fochatagóirí 66.03.21, 66.03.22 | (2, 6) | |
| | Sonraí eile | | |
| 39 10 0 | Líon na gconarthaí gan íoc ag deireadh na bliana cuntasaíochta, a bhaineann le gnó díreach le haghaidh na gconarthaí aonair árachais saoil uile agus i gcomhair na gcatagóirí nó na bhfochatagóirí seo a leanas den CPA: 66.01.1, 66.03.1, 66.03.4 agus 66.03.5 | (1, 2, 5, 6) | |
| 39 20 0 | An líon daoine árachaithe ag deireadh na bliana cuntasaíochta, a bhaineann le gnó díreach le haghaidh na ngrúpchonarthaí árachais saoil uile agus i gcomhair na bhfochatagóirí seo a leanas den CPA: 66.03.1 | (1, 2, 5, 6) | |
| 39 30 0 | Líon na bhfeithiclí árachaithe ag deireadh na bliana cuntasaíochta, a bhaineann le gnó díreach, i gcomhair na bhfochatagóirí seo a leanas den CPA: 66.03.2 | (2, 6) | Roghnach |
| 39 40 0 | Suim chomhlán árachaithe ag deireadh na bliana cuntasaíochta, a bhaineann le gnó díreach, i gcomhair na bhfochatagóirí seo a leanas den CPA: 66.01.1 and 66.01.4 | (1, 5) | Roghnach |
| 39 50 0 | Líon na n-éileamh a tabhaíodh le linn na bliana cuntasaíochta, a bhaineann le gnó díreach, i gcomhair na bhfochatagóirí seo a leanas den CPA: 66.03.2 | (2, 6) | Roghnach |

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh bliantúil ina leith.

ROINN 6

**Torthaí a chur ar fáil**

Beidh na torthaí le miondealú go dtí an leibhéal 4-dhigit de NACE Ath. 2 (aicmí).

ROINN 7

**Tarchur na dtorthaí**

Tarchuirfear na torthaí laistigh de 12 mhí dar tosach deireadh na bliana tagartha i gcomhair na bhfiontar dá dtagraítear i Roinn 3, seachas fiontair athárachais shainfheidhmigh, a dtiomsófar na torthaí ina leith laistigh de 18 mí dar tosach deireadh na bliana tagartha.

ROINN 8

**An Coiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde**

Cuirfidh an Coimisiún an Coiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, arna bhunú le Cinneadh 2004/9/CE ón gCoimisiún [1], ar an eolas faoi chur chun feidhme an mhodúil seo agus faoi na bearta go léir den sórt sin chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a choigeartú maidir le bailiú agus próiseáil staidrimh sonraí agus le próiseáil agus tarchur na dtorthaí, a ghlacfaidh sé i gcomhréir le hAirteagal 12.

ROINN 9

**Idirthréimhse**

Ní fhéadfar idirthréimhse a dheonú.

(1) IO L 3, 7.1.2004, lch. 34.

*IARSCRÍBHINN VI*

## MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE FORAIS CHREIDMHEASA

ROINN 1

### Aidhm

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht earnáil na bhforas creidmheasa a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas. Tá liosta mionsonraithe sa mhodúl seo de na saintréithe a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith ionas go gcuirfear feabhas ar an eolas ar fhorbairt náisiúnta, Chomhphobail agus idirnáisiúnta earnáil na bhforas creidmheasa.

ROINN 2

### Raon feidhme

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a), (b) agus (c), agus go háirithe leis an méid seo a leanas:

— an anailís mhionsonraithe ar struchtúr, ar ghníomhaíocht, ar iomaíochas agus ar fheidhmíocht na bhforas creidmheasa;

— forbairt agus imdháileadh an ghnó ina iomláine agus an ghnó de réir táirgí, gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, fostaíochta, caipitil agus cúlchistí, agus sócmhainní agus fiachas eile.

ROINN 3

### Cuimsiú

1. Beidh an staidreamh le tiomsú i gcomhair gníomhaíochtaí na bhforas creidmheasa laistigh de raon feidhme aicmí 64.19 agus 64.92 de NACE Ath. 2.

2. Beidh an staidreamh le tiomsú i leith gníomhaíochtaí na bhforas creidmheasa go léir dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) agus in Airteagal 2(2) de Threoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus foras airgeadais eile ([1]), seachas na bainc cheannais.

3. Na brainsí d'fhorais chreidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 38 de Threoir 2006/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le foras creidmheasa agus leanúint de (athmhúnlú) ([2]) a dtagann a ngníomhaíocht laistigh de réim aicmí 64.19 agus 64.92 de NACE Ath. 2, déileálfar leo mar na forais chreidmheasa dá dtagraítear i mír 2.

ROINN 4

### Saintréithe

Liostaítear na saintréithe thíos. Tá na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhodúl comhchoiteann a shainmhínítear in Iarscríbhinn I chomh maith. I gcás ina ndíorthaítear saintréithe go díreach ó chuntais bhliantúla, déanfar na blianta cuntasaíochta dar críoch laistigh de bhliain tagartha a chomhshamhlú leis an mbliain tagartha sin.

Áirítear ar an liosta:

(a) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 4 de Threoir 86/635/CEE: taobh sócmhainní an chláir chomhardaithe: ítim 4; taobh fiachais an chláir chomhardaithe: ítimí 2(a)+2(b) mar chomhiomlán, ítimí 7 + 8+9 + 10 + 11 + 12 + 13 + 14 mar chomhiomlán;

(b) na saintréithe a liostaítear in Airteagal 27 de Threoir 86/635/CEE: ítim 2, ítimí 3(a)+3(b)+3(c) mar chomhiomlán, ítim 3(a), ítim 4, ítim 5, ítim 6, ítim 7, ítimí 8(a)+8(b) mar chomhiomlán, ítim 8(b), ítim 10, ítimí 11 + 12 mar chomhiomlán, ítimí 9 + 13 + 14 mar chomhiomlán, ítimí 15 + 16 mar chomhiomlán, ítim 19, ítimí 15 + 20 + 22 mar chomhiomlán, ítim 23;

([1]) IO L 372, 31.12.1986, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/46/CE.
([2]) IO L 177, 30.6.2006, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2007/44/CE.

(c) na saintréithe breise seo a leanas:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| | Sonraí struchtúracha | |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* | |
| 11 11 1 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir stádais dhlíthiúil | |
| 11 11 4 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir suíomh an mháthairfhiontair | |
| 11 11 6 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir aicmí méide iomlán an chláir chomhardaithe | |
| 11 11 7 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir catagóir na bhforas creidmh-easa | |
| *11 21 0* | *Líon na n-aonad áitiúil* | |
| 11 41 1 | Líon iomlán na mbrainsí arna miondealú de réir suímh i dtíortha nach tíortha den LEE iad | |
| 11 51 0 | Líon iomlán na bhfochuideachtaí airgeadais arna miondealú de réir suímh i dtíortha eile | |
| | Sonraí cuntasaíochta: an cuntas brabúis agus caillteanais | |
| 42 11 0 | Ús is infhaighte agus ioncam comhchosúil | |
| 42 11 1 | Ús is infhaighte agus ioncam comhchosúil a eascraíonn as urrúis ioncaim sheasta | |
| 42 12 1 | Ús is iníoctha agus muirir comhchosúla atá nasctha le fiach-urrúis arna n-eisiúint | |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* | |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* | |
| *13 31 0* | *Costais phearsanra* | |
| 12 14 0 | Breisluach ag praghsanna bunúsacha | Roghnach |
| *12 15 0* | *Breisluach ag toisc-chostas* | |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* | |
| | Sonraí cuntasaíochta: an clár comhardaithe | |
| 43 30 0 | Iomlán an chláir chomhardaithe (CI) | |
| 43 31 0 | Iomlán an chláir chomhardaithe arna miondealú de réir áit chónaí an mháthairfhiontair | |
| 43 32 0 | Iomlán an chláir chomhardaithe arna miondealú de réir stádais dhlíthiúil | |
| | Sonraí de réir táirge | |
| 44 11 0 | Ús is infhaighte agus ioncam comhchosúil arna miondealú de réir chat-agóirí nó fhochatagóirí an CPA | Roghnach |
| 44 12 0 | Ús is iníoctha agus muirir comhchosúla arna miondealú de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA | Roghnach |
| 44 13 0 | Coimisiúin is infhaighte arna miondealú de réir chatagóirí nó fhochat-agóirí an CPA | Roghnach |
| 44 14 0 | Coimisiúin is iníoctha arna miondealú de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA | Roghnach |
| | Sonraí maidir leis an margadh inmheánach agus leis an idirnáisiúnú | |
| 45 11 0 | Miondealú geografach ar an líon iomlán brainsí LEE | |
| 45 21 0 | Miondealú geografach ar an ús is infhaighte agus ar ioncam comhchosúil | |
| 45 22 0 | Miondealú geografach ar iomlán an chláir chomhardaithe | |
| 45 31 0 | Miondealú geografach ar an ús is infhaighte agus ar ioncam comhchosúil tríd an tsaoirse gnó seirbhísí a sholáthar (i dtíortha eile LEE) | Roghnach |
| 45 41 0 | Miondealú geografach ar an ús is infhaighte agus ar ioncam comhchosúil trí ghnó brainse (i dtíortha nach tíortha LEE iad) | Roghnach |
| 45 42 0 | Miondealú geografach ar an ús is infhaighte agus ar ioncam comhchosúil tríd an tsaoirse gnó seirbhísí a sholáthar (i dtíortha nach tíortha LEE iad) | Roghnach |

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| | Sonraí maidir le fostaíocht | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* | |
| 16 11 1 | Líon na ndaoine atá fostaithe arna miondealú de réir catagóir na bhforas creidmheasa | |
| 16 11 2 | Líon na mban atá fostaithe | |
| *16 13 0* | *Líon na bhfostaithe* | |
| 16 13 6 | Líon na bhfostaithe ban | |
| *16 14 0* | *Líon na bhfostaithe in aonaid choibhéiseacha lánaimseartha* | |
| | Sonraí eile | |
| 47 11 0 | Líon na gcuntas arna miondealú de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA | Roghnach |
| 47 12 0 | Líon na n-iasachtaí agus na n-airleacan do chustaiméirí, arna miondealú de réir chatagóirí nó fhochatagóirí an CPA | Roghnach |
| 47 13 0 | An líon uathmheaisíní bainc (ATM) ar le forais creidmheasa iad | |

(d) na saintréithe a mbeidh staidreamh réigiúnach bliantúil le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| | Sonraí struchtúracha | |
| *11 21 0* | *Líon na n-aonad áitiúil* | |
| | Sonraí cuntasaíochta | |
| *13 32 0* | *Pá agus tuarastail* | Roghnach |
| | Sonraí maidir le fostaíocht | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* | |

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh bliantúil do na saintréithe a liostaítear i Roinn 4 ina leith.

ROINN 6

**Na torthaí a chur ar fáil**

1. Beidh na torthaí le miondealú go dtí na haicmí seo a leanas de NACE Ath. 2: aicmí 64.19 agus 64.92, ar leithligh.

2. Déanfar torthaí an staidrimh réigiúnaigh a mhiondealú go dtí an leibhéal 4-dhigit de NACE Ath. 2 (aicmí) agus leibhéal 1 d'ainmníocht na n-aonad críche.

ROINN 7

**Tarchur na dtorthaí**

Cinnfear moill tarchurtha ar na torthaí i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus ní rachaidh sé thar 10 mí dar tosach deireadh na bliana tagartha.

ROINN 8

**An Coiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí**

Cuirfidh an Coimisiún an Coiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí, arna bhunú le Cinneadh 2006/856/CE ón gComhairle ([1]) ar an eolas maidir le cur chun feidhme an mhodúil seo agus maidir leis na bearta go léir chun coigeartú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla maidir le bailiú agus próiseáil staidrimh sonraí, agus maidir le próiseáil agus tarchur na dtorthaí.

ROINN 9

**Staidéir phíolótacha**

1. Maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear leis an Iarscríbhinn seo, tionscnóidh an Coimisiún na staidéir phíolótacha seo a leanas a bheidh le seoladh ag na Ballstáit:

   (a) faisnéis maidir le díorthaigh agus le hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe;

   (b) faisnéis maidir le líonraí dáiliúcháin;

   (c) faisnéis is gá chun idirbhearta na bhforas creidmheasa a mhiondealú de réir praghsanna agus méideanna.

2. Táthar chun na staidéir phíolótacha a dhéanamh chun a ábhartha agus a indéanta atá sé sonraí a fháil a mheasúnú, agus na buntáistí a bhaineann le fáil a bheith ar na sonraí i gcomparáid le costas an bhailithe agus leis an ualach ar ghnólachtaí á gcur i gcuntas.

ROINN 10

**Idirthréimhse**

Ní fhéadfar idirthréimhse a dheonú.

---

([1]) IO L 332, 30.11.2006, lch. 21.

*IARSCRÍBHINN VII*

# MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE CISTÍ PINSEAN

ROINN 1

## Aidhm

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht earnáil na gcistí pinsean a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas. Tá liosta mionsonraithe sa mhodúl seo de na saintréithe a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith ionas go gcuirfear feabhas ar an eolas ar fhorbairt náisiúnta, Chomhphobail agus idirnáisiúnta earnáil na gcistí pinsean.

ROINN 2

## Raon feidhme

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a), (b) agus (c), agus go háirithe leis an méid seo a leanas:

— anailís mhionsonraithe ar struchtúr, ar ghníomhaíocht, ar iomaíochas agus ar fheidhmíocht chistí pinsean;

— forbairt agus imdháileadh an ghnó ina iomláine, patrúin chomhaltaí na gcistí pinsean, gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, fostaíocht, infheistíochtaí agus fiachais.

ROINN 3

## Cuimsiú

1. Beidh an staidreamh le tiomsú i gcomhair gach gníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme ghrúpa 65.3 de NACE Ath. 2. Cuimsítear sa ghrúpa seo gníomhaíochtaí na gcistí pinsean uathrialacha.

2. Tiomsófar roinnt staidrimh i gcomhair fiontair a bhfuil cistí pinsean neamhuathrialacha acu agus a sheoltar mar ghníomhaíochtaí coimhdeacha.

ROINN 4

## Saintréithe

1. Léiríonn an liosta saintréithe a leagtar amach thíos, i gcás inar ábhartha, an cineál aonaid staidrimh a mbeidh an staidreamh le bailiú ina leith. Tá na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhodúl comhchoiteann a shainmhínítear in Iarscríbhinn I chomh maith. I gcás ina ndíorthaítear saintréithe go díreach ó na cuntais bhliantúla, comhshamhlófar blianta cuntasaíochta dar críoch laistigh de bhliain tagartha leis an mbliain tagartha sin.

2. Na saintréithe déimeagrafacha agus fiontair a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith (d'fhiontair a bhfuil cistí pinsean uathrialacha acu amháin):

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| | Sonraí struchtúracha | |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* | |
| 11 11 8 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir méid na n-infheistíochtaí | |
| 11 11 9 | Líon na bhfiontar arna miondealú de réir aicmí méide a gcomhaltaí | |
| 11 61 0 | Líon na scéimeanna pinsean | Roghnach |
| | Sonraí cuntasaíochta: cuntas brabúis agus caillteanais (ioncam agus caiteachas) | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* | |

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| 48 00 1 | Ranníocaíochtaí pinsean is infhaighte ó chomhaltaí | |
| 48 00 2 | Ranníocaíochtaí pinsean is infhaighte ó fhostóirí | |
| 48 00 3 | Aistrithe isteach | |
| 48 00 4 | Ranníocaíochtaí eile pinsean | |
| 48 00 5 | Ranníocaíochtaí pinsean le scéimeanna sochair shainithe | |
| 48 00 6 | Ranníocaíochtaí pinsean le scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe | |
| 48 00 7 | Ranníocaíochtaí pinsean le scéimeanna croschineálacha | |
| 48 01 0 | Ioncam infheistíochta (PF) | |
| 48 01 1 | Gnóchain agus caillteanais chaipitiúla | |
| 48 02 1 | Éilimh árachais is infhaighte | |
| 48 02 2 | Ioncam eile (PF) | |
| *12 12 0* | *Luach táirgeachta* | |
| 12 14 0 | Breisluach ag praghsanna bunúsacha | Roghnach |
| *12 15 0* | *Breisluach ag toisc-chostas* | |
| 48 03 0 | Caiteachas iomlán ar phinsin | |
| 48 03 1 | Íocaíochtaí rialta pinsean | |
| 48 03 2 | Íocaíochtaí pinsean i gcnapshuimeanna | |
| 48 03 3 | Aistrithe amach | |
| 48 04 0 | Athrú glan ar fhorálacha teicniúla (cúlchistí) | |
| 48 05 0 | Préimheanna árachais is iníoctha | |
| 48 06 0 | Caiteachais iomlána oibríochta | |
| *13 11 0* | *Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí* | |
| *13 31 0* | *Costais phearsanra* | |
| *15 11 0* | *Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe* | |
| 48 07 0 | Cánacha uile | |
| | Sonraí an chláir chomhardaithe: sócmhainní | |
| 48 11 0 | Talamh agus foirgnimh (PF) | |
| 48 12 0 | Infheistíochtaí i bhfiontair chleamhnaithe agus i leasanna rannpháirteacha (PF) | |
| 48 13 0 | Scaireanna agus urrúis eile toraidh athraithigh | |
| 48 13 1 | Scaireanna arna dtrádáil ar mhargadh rialáilte | |
| 48 13 2 | Scaireanna arna dtrádáil ar mhargadh rialáilte saindírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide | |
| 48 13 3 | Scaireanna nach ndéantar a thrádáil go poiblí | |
| 48 13 4 | Urrúis eile toraidh athraithigh | |
| 48 14 0 | Aonaid i ngnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe | |
| 48 15 0 | Fiach-urrúis agus urrúis eile ioncaim sheasta | |
| 48 15 1 | Fiach-urrúis agus urrúis eile ioncaim sheasta arna n-eisiúint ag ranna riarcháin phoiblí | Roghnach |
| 48 15 2 | Fiach-urrúis eile agus urrúis eile ioncaim sheasta | Roghnach |
| 48 16 0 | Rannpháirtíocht i gcomhchistí infheistíochtaí (PF) | |
| 48 17 0 | Iasachtaí arna ráthú le morgáistí agus iasachtaí eile nach gcumhdaítear in aon áit eile | |
| 48 18 0 | Infheistíochtaí eile | |
| 48 10 0 | Infheistíochtaí iomlána na gcistí pinsean | |
| 48 10 1 | Infheistíochtaí iomlána infheistithe san 'fhiontar coimircíochta' | |

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| 48 10 4 | Infheistíochtaí iomlána ag luachanna an mhargaidh | |
| 48 20 0 | Sócmhainní eile | |
| Sonraí an chláir chomhardaithe: fiachais | | |
| 48 30 0 | Caipiteal agus cúlchistí | |
| 48 40 0 | Glanfhorálacha teicniúla (PF) | |
| 48 50 0 | Dliteanais eile | |
| Sonraí maidir leis an margadh inmheánach agus maidir leis an idirnáisiúnú | | |
| 48 61 0 | Miondealú geografach ar an láimhdeachas | |
| 48 62 0 | Scaireanna agus urrúis eile toraidh athraithigh arna miondealú de réir suímh | Roghnach |
| 48 63 0 | Infheistíochtaí iomlána arna miondealú de réir suímh | Roghnach |
| 48 64 0 | Infheistíochtaí iomlána arna miondealú ina gcomhchodanna euro agus neamh-euro | |
| Sonraí maidir le fostaíocht | | |
| *16 11 0* | *Líon na ndaoine atá fostaithe* | |
| Sonraí eile | | |
| 48 70 0 | Líon na gcomhaltaí | |
| 48 70 1 | Líon na gcomhaltaí i scéimeanna sochair shainithe | |
| 48 70 2 | Líon na gcomhaltaí i scéimeanna ranníocaíochta sainithe | |
| 48 70 3 | Líon na gcomhaltaí i scéimeanna croschineálacha | |
| 48 70 4 | Líon na gcomhaltaí gníomhacha | |
| 48 70 5 | Líon na gcomhaltaí a bhfuil iarchur déanta acu | |
| 48 70 6 | Líon na ndaoine atá ar scor | |

3. Na saintréithe fiontair a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith (i gcomhair fiontair a bhfuil cistí pinsean neamhuathrialacha acu amháin):

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Sonraí struchtúracha | | |
| 11 15 0 | Líon na bhfiontar a bhfuil cistí pinsean neamhuathrialacha acu | |
| Sonraí cuntasaíochta: cuntas brabúis agus caillteanais (ioncam agus caiteachas) | | |
| 48 08 0 | Láimhdeachas cistí pinsean neamh-uathrialacha | Roghnach |

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh bliantúil ina leith do na saintréithe a liostaítear i Roinn 4.

ROINN 6

**Na torthaí a chur ar fáil**

1. Beidh na torthaí maidir leis na saintréithe a liostaítear i Roinn 4, mír 2, le miondealú de réir an leibhéal 4-dhigit de NACE Ath. 2 (aicme).

2. Beidh na torthaí maidir leis na saintréithe a liostaítear i Roinn 4, mír 3, le miondealú de réir leibhéal roinne de NACE Ath. 2.

ROINN 7

**Tarchur na dtorthaí**

Beidh na torthaí le tarchur laistigh de 12 mhí dar tosach deireadh na bliana tagartha.

ROINN 8

**An Coiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Ceirde**

Cuirfidh an Coimisiún an Coiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Ceirde ar an eolas faoi chur chun feidhme an mhodúil seo agus faoi na bearta uile chun coigeartú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla maidir le bailiú agus próiseáil staidrimh sonraí, agus maidir le próiseáil agus tarchur na dtorthaí.

ROINN 9

**Staidéir phíolótacha**

Maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear san Iarscríbhinn seo, tionscnóidh an Coimisiún na staidéir phíolótacha seo a leanas, a bheidh le seoladh ag na Ballstáit:

1. Faisnéis níos grinne maidir le gníomhaíochtaí trasteorann chistí pinsean:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí struchtúracha | |
| 11 71 0 | Líon na bhfiontar a bhfuil comhaltaí acu i dtíortha eile den LEE |
| 11 72 0 | Líon na bhfiontar a bhfuil comhaltaí gníomhacha acu i dtíortha eile den LEE |
| Sonraí maidir leis an margadh inmheánach agus maidir leis an idirnáisiúnú | |
| 48 65 0 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí de réir inscne |
| 48 65 1 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí i scéimeanna sochair shainithe |
| 48 65 2 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe |
| 48 65 3 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí i scéimeanna croschineálacha |
| 48 65 4 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí gníomhacha |
| 48 65 5 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí a bhfuil iarchur déanta acu |
| 48 65 6 | Miondealú geografach ar líon na ndaoine atá ar scor |
| 48 65 7 | Miondealú geografach ar líon na ndaoine atá ag fáil pinsin dhíorthaithe |
| Sonraí eile | |
| 48 70 7 | Líon na gcomhaltaí ban |

2. Eolas breise maidir le cistí pinsean neamhuathrialacha:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| Sonraí struchtúracha | |
| 11 15 1 | Líon na bhfiontar a bhfuil cistí pinsean neamhuathrialacha acu, arna miondealú de réir aicmí méide na gcomhaltaí |
| Sonraí an chláir chomhardaithe: fiachais | |
| 48 40 1 | Glanfhorálacha teicniúla na gcistí pinsean neamhuathrialacha |
| Sonraí eile | |
| 48 72 0 | Líon na gcomhaltaí atá i gcistí pinsean neamhuathrialacha |
| Sonraí maidir leis an margadh inmheánach agus maidir leis an idirnáisiúnú | |
| 48 66 1 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí gníomhacha atá i gcistí pinsean neamhuathrialacha |

| Cód | Teideal |
|---|---|
| 48 66 2 | Miondealú geografach ar líon na gcomhaltaí atá i gcistí pinsean neamhuathrialacha agus a bhfuil iarchur déanta acu |
| 48 66 3 | Miondealú geografach ar líon na ndaoine atá ag fáil pinsin ó chistí neamhuathrialacha |
| 48 66 4 | Miondealú geografach ar líon na ndaoine atá ag fáil pinsin dhíorthaithe ó chistí pinsean neamhuathrialacha |
| Sonraí cuntasaíochta: cuntas brabúis agus caillteanais (ioncam agus caiteachas) | |
| 48 09 0 | Íocaíochtaí pinsean ag cistí pinsean neamh-uathrialacha |

3. Eolas ar dhíorthaigh agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe.

Seolfar na staidéir phíolótacha chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha agus ar a indéanta atá sé na sonraí a fháil, agus na buntáistí a bhaineann le fáil a bheith ar na sonraí i gcomparáid le costas an bhailithe agus an t-ualach atá ar ghnólachtaí á gcur san áireamh.

ROINN 10

**Idirthréimhse**

Ní fhéadfar idirthréimhse a dheonú.

*IARSCRÍBHINN VIII*

**MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ GNÓ**

ROINN 1

**Aidhm**

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le struchtúr, le gníomhaíocht, le hiomaíochas agus le feidhmíocht earnáil na seirbhísí gnó a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

ROINN 2

**Raon feidhme**

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a) go (d) agus (f), agus go háirithe le liosta saintréithe i gcomhair anailíse mionsonraithe ar struchtúr, ar ghníomhaíocht, ar iomaíochas agus ar fheidhmíocht na seirbhísí gnó.

ROINN 3

**Cuimsiú**

Beidh an staidreamh le tiomsú i gcomhair gach gníomhaíochta a chuimsítear le rannáin 62, 69, 71, 73 agus 78 agus le grúpaí 58.2, 63.1 agus 70.2 de NACE Ath. 2. Cuimsíonn na hearnálacha seo cuid de na gníomhaíochtaí foilsitheoireachta, gníomhaíochtaí sheirbhísí theicneolaíocht fáisnéise, cuid de ghníomhaíochtaí na seirbhíse faisnéise, agus gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla agus na gníomhaíochtaí fostaíochta. Tagraíonn staidreamh sa mhodúl seo do phobal gach fiontair ina bhfuil 20 duine nó breis agus 20 duine fostaithe, agus a bhfuil a bpríomhghníomhaíocht aicmithe sna rannáin agus sna grúpaí thuas. Sa bhliain 2011, ar a luaithe, féadfaidh an Coimisiún staidéar a thionscnamh ar an ngá agus ar a indéanta atá sé íosteorainn an phobail thagartha a athrú. Ar bhonn an staidéir seo, glacfar bearta a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo maidir le hathrú na híosteorann a leasú, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

ROINN 4

**Saintréithe**

1. Léiríonn liosta na saintréithe agus an staidrimh a leagtar amach thíos an staidreamh a bheidh le tiomsú ar mhinicíocht bhliantúil nó dhébhliantúil. Tá an staidreamh agus na saintréithe atá i gcló iodálach sna liostaí sa mhódúl comhchoiteann a shainmhínítear in Iarscríbhinn I chomh maith.

2. Na saintréithe a mbeidh staidreamh bliantúil le tiomsú ina leith maidir le fiontair i rannáin 62 agus 78 agus i ngrúpaí 58.2, 63.1 agus 73.1 de NACE Ath. 2:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| | Sonraí struchtúracha | |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* | |
| | Miondealú ar láimhdeachas de réir an chineáil táirge | |
| *12 11 0* | Miondealú ar *láimhdeachas* de réir táirge (de réir CPA) | Cinnfear an miondealú ar tháirgí i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3). |

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Eolas ar áit chónaithe an chliaint | | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* de réir áit chónaithe an chliaint, go sainiúil:<br>Cónaitheach<br>Neamhchónaitheach, díobh sin<br>— Laistigh den AE<br>— Lasmuigh den AE | |

3. Na saintréithe a mbeidh staidreamh débhliantúil le tiomsú ina leith maidir le fiontair i ngrúpaí 69.1, 69.2, 70.2, 71.1, 71.2 agus 73.2 de NACE Ath. 2:

| Cód | Teideal | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Sonraí struchtúracha | | |
| *11 11 0* | *Líon na bhfiontar* | |
| Miondealú ar láimhdeachas de réir an chineáil táirge | | |
| *12 11 0* | Miondealú ar *láimhdeachas* de réir táirge (de réir CPA) | Cinnfear an mion-dealú ar tháirgí i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3). |
| Faisnéis ar áit chónaithe an chliaint | | |
| *12 11 0* | *Láimhdeachas* de réir áit chónaithe an chliaint, go sainiúil:<br>Cónaitheach<br>Neamhchónaitheach, díobh sin<br>— Laistigh den AE<br>— Lasmuigh den AE | |

ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

Is í an bhliain 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh bliantúil ina leith maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear le rannáin 62 agus 78 agus grúpaí 58.2, 63.1 agus 73.1 de NACE Ath. 2 agus is í an bhliain 2008 an chéad bhliain a mbeidh staidreamh débhliantúil le tiomsú ina leith maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear le grúpaí 69.1, i 69.2 agus i 70.2 1 de NACE Ath. 2. Is í an bhliain 2009 an chéad bhliain tagartha a mbeidh staidreamh débhliantúil le tiomsú ina leith maidir le gníomhaíochtaí a chuimsítear le grúpaí 71.1, 71.2 agus 73.2 de NACE Ath. 2.

ROINN 6

**Na Torthaí a chur ar fáil**

1. Ionas gur féidir staidreamh Comhphobail a thiomsú, cuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha ar fáil arna miondealú go dtí rannáin 62 agus 78 agus grúpaí 58.2, 63.1, 69.1, 69.2, 70.2, 71.1, 71.2, 73.1 agus 73.2 de NACE Ath. 2.

2. Beidh torthaí láimhdeachais le miondealú freisin de réir táirge agus áit chonaithe an chliaint do rannáin 62 and 78 agus do ghrúpaí 58.2, 63.1, 69.1, 69.2, 70.2, 71.1, 71.2, 73.1 agus 73.2 de NACE Ath. 2.

ROINN 7

**Tarchur na dtorthaí**

Beidh na torthaí le tarchur laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha.

ROINN 8

**Idirthréimhse**

Chun críocha an mhodúil mhionsonraithe a shainmhínítear san Iarscríbhinn seo, ní rachaidh an idirthréimhse thar trí bliana tar éis na chéad bhlianta tagartha a shonraítear i Roinn 5 i gcomhair tiomsú an staidrimh a shonraítear i Roinn 4.

*IARSCRÍBHINN IX*

## MODÚL MIONSONRAITHE DO STAIDREAMH STRUCHTÚRACH MAIDIR LE DÉIMEAGRAFAÍOCHT GHNÓ

ROINN 1

**Aidhm**

Is é aidhm na hIarscríbhinne seo creat comhchoiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail maidir le déimeagrafaíocht ghnó a bhailiú, a thiomsú, a tharchur agus a mheas.

ROINN 2

**Raon feidhme**

Bainfidh an staidreamh a bheidh le tiomsú leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagal 1(a) go (f), go háirithe le liosta saintréithe i gcomhair anailíse mhionsonraithe ar na pobail d'fhiontair ghníomhacha, de nuachruthú fiontar, de theipeanna fiontar agus de mharthanas fiontar nuachruthaithe agus leis na héifeachtaí gaolmhara ar struchtúr, ar ghníomhaíocht agus ar fhorás an phobail ghnó.

ROINN 3

**Cuimsiú**

1. Beidh an staidreamh le tiomsú i gcomhair na ngníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn 10.

2. Seolfar staidéir phíolótacha don aonad staidrimh, do na gníomhaíochtaí agus do na himeachtaí déimeagrafaíochta a liostaítear i Roinn 12.

ROINN 4

**Sainmhínithe**

Chun críche na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

— ciallóidh 'tréimhse thagartha' an bhliain ina mbreathnófar pobail d'fhiontair ghníomhacha, de nuachruthuithe fiontar, de theipeanna fiontar agus de mharthanas fiontar. Gairtear 't' uirthi i Roinn 5.

ROINN 5

**Saintréithe**

1. Beidh staidreamh déimeagrafach bliantúil le tiomsú agus an fiontar á úsáid mar an aonad staidrimh do na saintréithe seo a leanas:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí struchtúracha |
| 11 91 0 | An pobal d'fhiontair ghníomhacha in t |
| 11 92 0 | Líon na nuachruthuithe fiontar in t |
| 11 93 0 | Líon na dteipeanna fiontar in t |
| 11 94 1 | Líon na bhfiontar nuachruthaithe in t-1 atá tar éis maireachtáil go t |
| 11 94 2 | Líon na bhfiontar nuachruthaithe in t-2 atá tar éis maireachtáil go t |
| 11 94 3 | Líon na bhfiontar nuachruthaithe in t-3 atá tar éis maireachtáil go t |
| 11 94 4 | Líon na bhfiontar nuachruthaithe in t-4 atá tar éis maireachtáil go t |
| 11 94 5 | Líon na bhfiontar nuachruthaithe in t-5 atá tar éis maireachtáil go t |

2. Na saintréithe fiontair a mbeidh staidreamh bliantúil maidir leis na pobail d'fhiontair ghníomhacha, de nuachruthuithe fiontar, de theipeanna fiontar, agus de mharthanas fiontar le tiomsú ina leith:

| Cód | Teideal |
|---|---|
| | Sonraí maidir le fostaíocht |
| 16 91 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal d'fhiontair ghníomhacha in t |
| 16 91 1 | Líon na bhfostaithe sa phobal d'fhiontair ghníomhacha in t |
| 16 92 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal de nuachruthuithe fiontar in t |
| 16 92 1 | Líon na bhfostaithe sa phobal de nuachruthuithe fiontar in t |
| 16 93 0 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal de theipeanna fiontar in t |
| 16 93 1 | Líon na bhfostaithe atá sa phobal de theipeanna fiontar in t |
| 16 94 1 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-1 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 94 2 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-2 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 94 3 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-3 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 94 4 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-4 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 94 5 | Líon na ndaoine atá fostaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-5 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 95 1 | Líon na ndaoine atá fostaithe i mbliain an chruthaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-1 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 95 2 | Líon na ndaoine atá fostaithe i mbliain an chruthaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-2 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 95 3 | Líon na ndaoine atá fostaithe i mbliain an chruthaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-3 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 95 4 | Líon na ndaoine atá fostaithe i mbliain an chruthaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-4 atá tar éis maireachtáil go t |
| 16 95 5 | Líon na ndaoine atá fostaithe i mbliain an chruthaithe sa phobal d'fhiontair nuachruthaithe in t-5 atá tar éis maireachtáil go t |

ROINN 6

**An chéad bhliain tagartha**

Is mar seo a leanas a thiomsófar staidreamh bliantúil don chéad bhliain tagartha:

| Bliain féilire | Cód |
|---|---|
| 2004 | 11 91 0, 11 92 0, 11 93 0, 16 91 0, 16 91 1, 16 92 0, 16 92 1, 16 93 0 agus 16 93 1 |
| 2005 | 11 94 1, 16 94 1 agus 16 95 1 |
| 2006 | 11 94 2, 16 94 2 agus 16 95 2 |
| 2007 | 11 94 3, 16 94 3 agus 16 95 3 |
| 2008 | 11 94 4, 16 94 4 agus 16 95 4 |
| 2009 | 11 94 5, 16 94 5 agus 16 95 5 |

ROINN 7

**Tuarascáil maidir le cáilíocht an staidrimh**

Cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha maidir le cáilíocht ar fáil a léireoidh comparáideacht shaintréithe 11 91 0 agus 16 91 0 le saintréithe 11 11 0 agus 16 11 0 in Iarscríbhinn I agus, más gá, cé acu an gcomhlíontar an mhodheolaíocht chomhchoiteann a leagtar síos sa lámhleabhar moltaí dá dtagraítear i Roinn 11 leis na sonraí a thabharfar.

ROINN 8

**Na torthaí a chur ar fáil**

1. Beidh na torthaí le miondealú go dtí leibhéal mhiondealú na ngníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn 10.

2. Beidh cuid de na torthaí, a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3), le miondealú freisin ina n-aicmí méide go dtí an leibhéal mionsonraithe a liostaítear i Roinn 10, ach amháin i gcás Ranna L, M agus N de NACE Ath. 2, arb ag leibhéal grúpa amháin a cheanglaítear an miondealú.

3. Beidh roinnt torthaí, a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3), le miondealú freisin de réir foirme dlíthiúla go dtí an leibhéal mionsonraithe a liostaítear i Roinn 10, ach amháin i gcás Ranna L, M agus N de NACE Ath. 2, arb ag leibhéal grúpa amháin a cheanglaítear an miondealú.

ROINN 9

**Tarchur na dtorthaí**

Tarchuirfear na réamhthorthaí i leith na saintréithe a bhaineann le teipeanna fiontar (11 93 0, 16 93 0, 16 93 1) laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha. Tarchuirfear torthaí athbhreithnithe i leith na saintréithe sin, tar éis deimhniú theipeanna na bhfiontar i ndiaidh dhá bhliain neamhghníomhaíochta, laistigh de 30 mí ón tréimhse thagartha chéanna. Beidh na torthaí eile go léir le tarchur laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha.

Beidh na torthaí do na blianta tagartha roimh 2008 le tarchur 6 mhí tar éis dheireadh 2008, seachas i gcás torthaí athbhreithnithe maidir le teipeanna na bhfiontar (11 93 0, 16 93 0 agus 16 93 1) don bhliain tagartha 2007 a bheidh le tarchur 18 mí tar éis dheireadh 2008.

ROINN 10

**Miondealú ar na gníomhaíochtaí**

1. Do na sonraí do na blianta tagartha 2004 go dtí 2007, an dá bhliain sin san áireamh, cuirtear an miondealú seo a leanas, a dhéanann tagairt d'aicmiú NACE Ath. 1.1, ar fáil:

   ***Roinn C***

   *Mianadóireacht agus cairéalacht*

   Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal roinne de NACE Ath. 1.1.

   ***Roinn D***

   *Déantúsaíocht*

   Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal foroinne de NACE Ath. 1.1.

   ***Roinn E agus Roinn F***

   *Soláthar leictreachais, gáis agus uisce, agus foirgníocht*

   Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal roinne de NACE Ath. 1.1.

   ***Roinn G***

   *Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar agus earraí pearsanta agus earraí tí.*

   Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha do chóid G, 50, 51, 52, 52.1, 52.2, 52.3 + 52.4 + 52.5, 52.6 agus 52.7 de NACE Ath. 1.1.

***Roinn H***

*Óstáin agus bialanna*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha do chóid 55, 55.1 + 55.2 agus 55.3 + 55.4 + 55.5 de NACE Ath. 1.1.

***Roinn I***

*Iompar, stóráil agus cumarsáid*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha do chóid I, 60, 61, 62, 63, 64, 64.1 and 64.2 de NACE Ath 1.1.

***Roinn J***

*Idirghabháil airgeadais*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal rannáin de NACE Ath. 1.1.

***Roinn K***

*Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligean ar cíos, agus gnó*

Déantar aicme 74.15 de NACE Ath. 1.1 a eisiamh ó raon feidhme na hIarscríbhinne seo. Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal aicme de NACE Ath. 1.1.

2. Cuirfear sonraí don bhliain tagartha 2008 agus do na blianta tagartha ina dhiaidh sin ar fáil, agus an miondealú seo a leanas ar ghníomhaíochtaí á úsáid, agus é ag tagairt d'aicmiú NACE Ath. 2:

***Roinn B***

*Mianadóireacht agus cairéalacht*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal roinne de NACE Ath. 2.

***Roinn C***

*Déantúsaíocht*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha do chóid C, 10 + 11 + 12, 13 + 14, 15, 16, 17 + 18, 19, 20 + 21, 22, 23, 24 + 25, 26 + 27, 28, 29 + 30, 31 + 32 agus 33 de NACE Ath. 2.

***Roinn D, Roinn E agus Roinn F***

*Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe; soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin; foirgníocht.*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal roinne de NACE Ath. 2.

***Roinn G***

*Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha do na cóid G, 45, 46, 47, 47.1, 47.2, 47.3, 47.4 + 47.5 + 47.6 + 47.7, agus 48.8 + 48.9 de NACE Ath. 2.

***Roinn H agus Roinn I***

*Iompar agus stóráil; gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal rannáin de NACE Ath. 2.

***Roinn J***

*Faisnéis agus cumarsáid*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal rannáin de NACE Ath. 2 agus arna miondealú tuilleadh go dtí an leibhéal aicme i rannán 62 de NACE Ath. 2.

***Roinn K***

*Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais*

Déantar grúpa 64.2 de NACE Ath. 2 a eisiamh ó raon feidhme na hIarscríbhinne seo. Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal rannáin de NACE Ath. 2.

***Roinn L, Roinn M agus Roinn N***

*Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh; gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla; gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta*

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail a thiomsú, tarchuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha arna miondealú go dtí an leibhéal aicme de NACE Ath. 2.

***Comhiomláin spesialta***

Ionas go bhféadfar staidreamh Comhphobail maidir le déimeagrafaíocht ghnó a thiomsú maidir leis an earnáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide, tarchuirfear roinnt comhiomlán speisialta de NACE Ath. 2. Cinnfear na comhiomláin speisialta sin i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

3. Soláthrófar sonraí maidir le fiontair nua a cruthaíodh sna blianta 2004, 2005, 2006 agus 2007 freisin i gcomhréir le miondealú NACE Ath.2, mar a shainmhínítear é i mír 2 den Roinn seo. Cuimsítear leo sin saintréithe 11 92 0, 16 92 0 agus 16 92 1 do na blianta tagartha thuas. Beidh na torthaí seo le soláthar in éineacht leis na sonraí don bhliain tagartha 2008.

ROINN 11

**Lámhleabhar moltaí**

Foilseoidh an Coimisiún lámhleabhar moltaí i ndlúth-chomhoibriú leis na Ballstáit, ina mbeidh treoir fhorlíontach maidir leis an staidreamh Comhphobail a chuirfear ar fáil de bhun na hIarscríbhinne seo. Foilseofar an lámhleabhar moltaí ar theacht i bhfeidhm don Rialachán seo.

ROINN 12

**Staidéir phíolótacha**

Maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear leis an Iarscríbhinn seo, tionscnóidh an Coimisiún na staidéir phíolótacha seo a leanas, lena ndéanamh ag na Ballstáit:

— sonraí a chur ar fáil agus an t-aonad áitiúil á úsáid mar aonad staidrimh,

— sonraí a chur ar fáil maidir le himeachtaí eile déimeagrafacha seachas nuachruthuithe, teipeanna agus marthanas fiontar, agus

— sonraí a chur ar fáil maidir le Ranna P, Q, R, agus S de NACE Ath. 2.

Má mheasann an Coimisiún, ar bhonn na meastóireachta ar staidéir phíolótacha maidir le gníomhaíochtaí neamh-mhargaidh i Ranna M go dtí O de NACE Ath.1.1, gur gá raon feidhme reatha an Rialacháin seo a fhadú, déanfaidh sé togra i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh.

ROINN 13

**Idirthréimhse**

Chun críocha an mhodúil mhionsonraithe a shainmhínítear san Iarscríbhinn seo, ní mhairfidh an idirthréimhse níos faide ná ceithre bliana thar na chéad bhlianta tagartha i gcomhair thiomsú an staidrimh a shonraítear i Roinn 6.

*IARSCRÍBHINN X*

**RIALACHÁN AISGHAIRTHE AGUS LEASUITHE COMHLEANÚNACHA**

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 58/97 ón gComhairle (IO L 14, 17.1.1997, lch. 1)

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 410/98 ón gComhairle (IO L 52, 21.2.1998, lch. 1)

Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1614/2002 ón gCoimisiún (IO L 244, 12.9.2002, lch. 7)

Rialachán (CE) Uimh. 2056/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 317, 21.11.2002, lch. 1)

Pointe 69 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1)

Airteagal 11 agus Airteagal 20 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1)

*IARSCRÍBHINN XI*

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 58/97 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 1 |
| Airteagal 3 | Airteagal 2 |
| Airteagal 4, mír 1 | Airteagal 3, mír 1 |
| Airteagal 4, mír 2 | Airteagal 3, mír 3 |
| Airteagal 5 | Airteagal 3, mír 2 |
| — | Airteagal 3, mír 4 |
| — | Airteagal 4 |
| Airteagal 6 | Airteagal 5 |
| Airteagal 7 | Airteagal 6 |
| Airteagal 8 | Airteagal 7 |
| Airteagal 9 | Airteagal 8, mír 1 agus mír 2 |
| — | Airteagal 8, mír 3 |
| Airteagal 10 | Airteagal 9 |
| Airteagal 11 | Airteagal 10 |
| Airteagal 12, míreanna (i) go (x) | Airteagal 11, mír 1 |
| — | Airteagal 11, mír 2 |
| Airteagal 13 | Airteagal 12 |
| Airteagal 14 | Airteagal 13 |
| Airteagal 15 | — |
| — | Airteagal 14 |
| Airteagal 16 | Airteagal 15 |
| Iarscríbhinn 1, Ranna 1-9 | Iarscríbhinn I, Ranna 1-9 |
| Iarscríbhinn 1, Roinn 10, mír 1 agus mír 2 | Iarscríbhinn 1, Roinn 10, mír 1 agus mír 2, agus nithe arna scriosadh |
| Iarscríbhinn 1, Roinn 10, mír 3 agus mír 4 | — |
| Iarscríbhinn 1, Roinn 11 | Iarscríbhinn 1, Roinn 11 |
| Iarscríbhinn 2 | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn 3, Ranna 1-8 | Iarscríbhinn III, Ranna 1-8 |
| Iarscríbhinn 3, Roinn 9 | — |
| Iarscríbhinn 3, Roinn 10 | Iarscríbhinn III, Roinn 9 |
| Iarscríbhinn 4, Ranna 1-8 | Iarscríbhinn IV, Ranna 1-8 |
| Iarscríbhinn 4, Roinn 9 | — |
| Iarscríbhinn 4, Roinn 10 | Iarscríbhinn IV, Roinn 9 |
| — | Iarscríbhinn V |
| — | Iarscríbhinn VI |
| — | Iarscríbhinn VII |
| — | Iarscríbhinn VIII |
| — | Iarscríbhinn IX |
| — | Iarscríbhinn X |
| — | Iarscríbhinn XI |